Oifig an Ard-Aighne

Ráiteas Straitéise

2008 – 2010

Clár Ábhar

Brollach leis an Ard-Aighne

Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

Caibidil 1: Réamhrá
- **1.1 Ráiteas Misin**
- **1.2 Sainordú**
- **1.3 Struchtúir na hOifige**
- **1.4 Luachanna agus Sainmharcanna**
- **1.5 Forléargas ar Oifig an Ard-Aighne**

Caibidil 2: Anailís ar an Timpeallacht Oibre
- **2.1 Réamhrá**
- **2.2 Dúshláin Shonracha**
- **2.3 Comhthéacs Inmheánach**
- **2.4 Comhthéacs Seachtrach**

Caibidil 3: Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí, Táscairí Feidhmíochta
- **3.1 Abhcóide Comhairleach**
- **3.2 Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte**
- **3.3 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit**
- **3.4 Seirbhísí Tacaíochta Gnó**

Caibidil 4: Monatóireacht agus Tuairisciú ar Fhorfheidhmiú

Aguisín 1: Freagrachtaí an Ard-Aighne
Aguisín 2: Cairt Eagrúcháin
Aguisín 3: Páirtithe Leasmhara
Aguisín 4: Coistí agus Coimisiúin
Aguisín 5: Rólanna agus Feidhmeanna

Cuid 1: Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean
Cuid 2: Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Brollach leis an Ard-Aighne

Fáiltím roimh fhoilsiú an Ráitis Straitéise seo don tréimhse 2008 – 2010.

Tá an Ráiteas seo tógtha ar bhunsraith an Ráitis Straitéise a bhí ann roimhe don tréimhse 2006 – 2008 agus déanann sé nuashonrú air. Cuireann an Ráiteas Straitéise nua na forbairtí sin san áireamh atá tagtha ar na timpeallachtaí inmheánacha agus seachtracha ina bhfuil m'Oifigse ag obair. Cuireann sé an *Clár don Rialtas* nua san áireamh freisin agus na forbairtí a tharla le déanaí i gcomhthéacs Chlár an Rialtais um Athruithe sa tSeirbhís Phoiblí. Aibhsíonn sé athruithe a bhfuiltear ag súil leo sna réimsí dlíthiúla agus neamhdhlíthiúla thar an tréimhse trí bliana atá romhainn. Aithníonn Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta príomhúla na hOifige na gníomhaíochtaí sonracha nua atá le comhlíonadh agus gníomhaíochtaí tábhachtacha leanúnacha go gcaithfear leanúint leo, le cinntiú go gcuirfear sainordú na hOifige, chun an caighdeán is airde de sheirbhísí gairmiúla dlíthiúla a chur ar fáil don Rialtas, i gcrích.

_____
Paul Gallagher AS
An tArd-Aighne

Réamhrá leis an Ard-Stiúrthóir

Obair chasta dhian don Oifig ina hiomláine a bheidh ann seirbhísí dlíthiúla d'ardchaighdeán a sholáthar don Rialtas, do na Ranna agus do na hOifigí thar na trí bliana amach romhainn, nach féidir a chur i gcrích ach le hobair ár mball foirne tiomanta. Tá tús curtha ag Oifig an Ard-Aighne trí bhíthin a codanna éagsúla (An Rannán Comhairleach, Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte, Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit agus a Riarthóirí) le clár smaointeoireachta straitéisí agus pleanála chun creatlach a chruthú a chuirfidh ar ár gcumas leanúint ar aghaidh ag soláthar seirbhíse cuimsithí dlíthiúla do chliaint thar ceann an Ard-Aighne i rith thréimhse an Ráitis Straitéise.

Tá ceithre Chuspóir roghnaithe againn go cúramach sa Ráiteas Straitéise mar aon leis na Spriocanna agus na Straitéisí lena mbaint amach agus na Táscairí Feidhmíochta a léireoidh cé chomh maith is atá ag éirí linn. Ba í an Oifig a roghnaigh na Cuspóirí seo mar aon leis na Spriocanna, na Straitéisí agus na Táscairí Feidhmíochta agus í ag díriú ar riachtanais an Rialtais agus ár gcliant sna réimsí sin a bhfuilimid freagrach astu, agus í ag súil le creatlach a chur a fáil inar féidir na seirbhísí dlíthiúla seo a sholáthar. Tuairisceoidh an Oifig ar an dul chun cinn maidir le hiad a bhaint amach.

Trí Chomhpháirtíocht, cuirfimid na riachtanais atá sa chéad chéim eile den Chomhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta I dTreo 2016 i gcrích, agus lenár bPleananna Gnímh agus Tuarascálacha Dul Chun Cinn leanfaimid ar aghaidh le clár nuachóirithe laistigh den Oifig san iomlán.

Leagfaidh Treoir Seirbhíse Cliaint/Plean Gnímh Custaiméara agus Cairt Chliaint/Chustaiméara nua amach ár gcuid gealltanais chun leibhéil feabhsaithe seirbhíse cliaint agus custaiméara a chur ar fáil. Leanfaidh an Oifig ar aghaidh ag cur leis an gClár Oibre um Rialáil Níos Fearr, déanfar leabú breise ar an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, ar thionscnaimh TF agus díreofar ar ár mbeartas leanúnach d'oiliúint agus d'fhorbairt dár gcuid baill foirne. Is iomaí tairbhe a bheidh sna tionscnaimh seo go léir don Oifig agus dár gcliaint agus dár gcustaiméirí.

Mar eagraíocht eolas-bhunaithe cuirfidh an fhorbairt ar Straitéis um Bainistiú Faisnéise nua an chreatlach riachtanach ar fáil maidir le sealbhú, le comhroinnt, agus le hathúsáid faisnéise agus saineolais inmheánaigh chun barr feabhais a chur lenár seirbhísí dlíthiúla. Cuirfimid deiseanna méadaithe ar fáil don fhoireann foghlaim óna chéile agus an saineolas atá acu a chomhroinnt le chéile.

Chun dul i ngleic le héilimh ar chomhairle dhlíthiúil atá ag athrú, leanfaimid ar aghaidh ag forbairt ár dtionscadail thar a bheith rathúil chun Abhcóidí Comhairleacha a chur ar iasacht chuig Ranna Rialtais páirteacha, áit a mbeidh siad ag freastal mar chomhairleoirí dlíthiúla inmheánacha.

Táim fíorbhuíoch as an bpáirt thiomanta ghairmiúil a ghlacann an fhoireann i ngach réimse d'obair na hOifige. Táim ag súil go mór le bheith ag obair leis an bhfoireann go léir maidir leis an Ráiteas Straitéise a chur i bhfeidhm trí phróiseas na pleanála gnó i rith na tréimhse trí bliana atá romhainn.

_____

Finola Flanagan
An tArd-Stiúrthóir

Caibidil 1: Réamhrá

1.1 Ráiteas Misin

Is é an misean atá ag Oifig an Ard-Aighne ná:

> Seirbhísí gairmiúla dlí den chaighdeán is airde a sholáthar don Rialtas, do Ranna agus d'Oifigí.

1.2 Sainordú

Is é an tArd-Aighne comhairleoir dlíthiúil an Rialtais agus is oifigeach bunreachtúil é chomh maith, atá neamhspleách i gcleachtadh na bhfeidhmeanna aige/aici. Is iad brainse feidhmiúcháin an Rialtais, is é sin, an Rialtas ina iomláine, a bhaill aonair agus na Ranna faoina gceannas, cliaint an Ard-Aighne agus Oifig an Ard-Aighne. De bhun Alt 30.1 den Bhunreacht, agus cuid 6 d'Acht na n-Airí agus na Rúnaithe 1924, agus an naoú cuid de sceideal an Achta sin, tá an tArd-Aighne i gceannas ar Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas (OPC) agus ar Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit (CSSO) agus freagrach astu. Is comhghnéithe iad na hOifigí seo d'Oifig an Ard-Aighne.

Is iad príomhfheidhmeanna Oifig an Ard-Aighne ná:

- Comhairle dhlíthiúil a chur ar fáil don Rialtas, do na Ranna agus do na hOifigí;
- Reachtaíocht a dhréachtú;
- Seirbhísí dlíthíochta a chur ar fáil;
- Seirbhísí aturnae a chur ar fáil, lena n-áirítear tíolacadh agus seirbhísí eile idirbheartaíochta.

Is é ról Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear a cuid oifigeach go léir in Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit araon, ná cúnamh agus comhairle a thabhairt don Ard-Aighne agus feidhmeanna um chomhairle á thabhairt don Rialtas aige, agus um chomhlíonadh na bhfeidhmeanna eile a bronnadh go sonrach faoin mBunreacht agus faoin reachtaíocht. Faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997, cineachtar údarás um bainistíocht na hOifige, beartais mhonatóireachta a mbíonn tionchar acu ar an Oifig agus seachadadh aschuir shonraithe ar Cheann na hOifige, arb é an tArd-Stiúrthóir é.

1.3 Struchtúir na hOifige

Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean

In Oifig Shráid Mhuirfean:

- **Abhcóidí Comhairleacha** atá roinnte ina nFrúpaí, gach ceann acu a chlúdaíonn réimsí sonracha agus ábhartha dlí;
- **Dréachtóirí Parlaiminte** atá roinnte ina nGrúpaí, gach ceann acu a sholáthraíonn seirbhísí dréachtaithe reachtaíochta do Ranna sannta.

Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Soláthraíonn Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit feidhmeanna aturnae atá roinnte i Ranna, le gach Roinn eagraithe ina Rannóga atá bunaithe ar nádúr na seirbhíse dlí atá i gceist.

An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí

Faoi Acht an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí 1975 tá feidhmeanna ag an Ard-Aighne maidir leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí. Is foras reachtúil neamhspleách é an Coimisiún atá bunaithe de réir an Achta. 'Siad na príomhfheidhmeanna ná an dlí náisiúnta a choinneáil faoi athbhreithniú, agus de réir an Achta, tabhairt faoi iniúchtaí agus taighde a stiúradh leis an dlí a athchóiriú agus moltaí a bhunú maidir le hathchóiriú dlí. Den chuid is mó, tá an Coimisiún maoinithe trí Dheontas i gCabhair ó Vóta Oifig an Ard-Aighne. Déanann Iniúchóir Inmheánach na hOifige scrúdú, measúnú agus tuairisciú ar leorgacht na gcóras rialaithe airgeadais sa Choimisiún. Aistíodh le deanaí an fheidhm maistir le hullmhíchír ns h-athrísitir dréachta reachtaíochta a chaithfidh an tArd-Aighne a dheimhniú faoin Acht um an Dlí Reachtúil (Athráiteas) 2002 chuig an gCoimisiun. Aistríodh an fheidhm maidir le hullmhúchán na dTáblaí Croineolaíochta do Reachtanna chuig an gCoimisiún chomh maith.

An tArd-Aighne mar Chaomhnóir Leasa an Phobail

Is féidir leis an Ard-Aighne ról a chleachtadh mar ionadaí an phobail do dhearbhú nó cosaint na gcearta poiblí seachas i gcomhthéacs ionchúiseamh coiriúil. Clúdaíonn an ról seo mar chaomhnóir leasa an phobail feidhmeanna an Ard-Aighne maidir le cosaint na Bunreachta agus cearta bunreachtúla a sheasamh. Ar chúinsí eisceachtúla

áirithe is féidir leis an Ard-Aighne urghaire a lorg ó na Cúirteanna chun sárú dlí coiriúil a chosc.

Láithreán Gréasáin

Tá cur síos iomlán ar fheidhmeanna, róil agus ar fhreagrachtaí an Ard-Aighne agus na hOifige ar fáil ar an láithreán gréasáin ag www.attorneygeneral.ie.

Abhcóide Comhairleach

Comhlíonann na hAbhcóidí Comhairleacha roinnt feidhmeanna comhairleacha. Is iad na príomhfheidhmeanna ná comhairle ghinearálta a chur ar an Ard-Aighne agus ar Ranna Rialtais, comhairliú a thabhairt maidir le dréacht-reachtaíocht agus cuidiú le stiúradh dlíthíochta lena mbaineann an Stát.

Déantar comhairle a lorg i ngach réimse a bhaineann le hobair na Ranna Rialtais ar fad agus a chuimsíonn ceisteanna dlí intíre, an AE, idirnáisiúnta agus bun reachtúla.

Cuireann na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle ar Ranna maidir le Scéimeanna Ginearálta reachtaíochta agus ceisteanna dlí de réir mar a thagann siad aníos, le linn dréachtaithe na reachtaíochta príomhúlaigh agus tánaistigh agus na leasuithe bunreachtúla. Maidir leis seo oibríonn Abhcóidí Comhairleacha go dlúth leis an nDréachtóir Parlaiminte agus leis an Ard-Aighne agus comhairle dlí agus bhunreachtúil á tabhairt ar cheisteanna ar leith. Tugann Abhcóidí Comhairleacha comhairle chomh maith do ranna ar cheisteanna dlí a thagann aníos le linn caibidlíochta ar dhréacht-reachtaíocht Eorpach sa Bhruiséil.

Cuideoidh na hAbhcóidí Comhairleacha le stiúradh na dlíthíochta a bhaineann leis an Stát. Ní hamháin go mbíonn siad ag plé le cásanna aonair, ach láimhseálann siad saincheisteanna foriomlána tábhachtacha chomh maith, cosúil le conas déileáil le catagóirí oll-éilimh. Oibríonn Abhcóidí Comhairleacha go dlúth le haturnaetha agus feidhmeannaigh dlí in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

Comhairlíonn na hAbhcóidí Comhairleacha ar stiúradh na dlíthíochta Eorpaigh agus idirnáisiúnta, cosúil le dlíthíocht an AE roimh Chúirt Ceartais na hEorpa (ECJ), Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine (ECHR) i Strasbourg, agus in eadránaithe idirnáisiúnta cosúil le Coinbhinsiún na NA ar Dhlí na Farraige.

Caithfidh na hAbhcóidí Comhairleacha fios leathan a chothabháil ar dhlíthe bunreachtúla, riaracháin, an Aontais Eorpaigh agus um Chearta an Duine agus tuiscint a bheith acu ar an mbealach ina oibríonn an Rialtas agus an Státseirbhís – ár gcliaint.

Oifig Dhréachtóirí Parlaiminte an Rialtais

Mar atá tugtha le fios sna nósanna imeachta faoin Lámhleabhar Comh-aireachta, is í feidhm Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte (OPC) chuig an Rialtas ná Billí agus Orduithe Rialtais a dhréachtadh. Lasmuigh de na riachtanais sa Lámhleabhar Comh-aireachta, dréachtaíonn Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte go leor de na hionstraimí reachtúla thar ceann Airí Rialtais, Airí Stáit agus údaráis Stáit áirithe, cé nach ndéanann sí iad go léir. Oibríonn na Dréachtóirí Parlaiminte go dlúth leis na hAbhcóidí Comhairleacha agus an Ard-Aighne in ullmhúchán na dréacht-reachtaíochta agus i gcomhairle reachtúil agus comhairle dlí eile a thabhairt do Ranna maidir le moltaí reachtaíochta an Rialtais.

Oibríonn Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte go dlúth le Coiste Reachtaíochta an Rialtais (CRR) lena chinntiú go gcuirtear Clár Reachtaíochta an Rialtais i bhfeidhm. Tá Príomh-Aoire an Rialtais mar chathaoirleach ar an CRR. 'Sí feidhm an CRR ná cuidiú leis an rialtas chun tosaíochtaí reachtaíochta a shocrú don seisiún parlaiminte atá le teacht, agus maoirsiú agus comhordú a dhéanamh ar chúrsaí forfheidhmithe, agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le Clár Reachtaíochta an Rialtais. Soláthraíonn an CRR meicníocht riachtanach chun idirghabháil a dhéanamh idir éilimh iomaíocha na Ranna ar sheirbhísí OPC agus chun plé leis na fadhbanna a tháinig chun cinn maidir le forfheidhmiú tráthúil Chláir Reachtaíochta an Rialtais. Seolann OPC tuairiscí seachtainiúla ar dhul chun cinn ar aghaidh go dtí an CRR maidir leis na Billí agus na hionstraimí reachtúla atá á ndréachtú in OPC.

Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Is í feidhm Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit ná seirbhísí aturnae a sholáthar, lena n-áirítear tíolacadh agus seirbhísí eile idirbheartaíochta, do Ranna agus Oifigí.

Eagraítear Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit de réir chúig rannán dhlíthiúla agus Rannán Riaracháin. Eagraítear gach Rannán ina Rannóga (nó, i roinnt cásanna, i bhfoirne) ar bhonn cosúlachta oibre nó cliaint.

Feidhmíonn an Príomh-Aturnae Stáit mar ghníomhaire na hÉireann i gcásanna os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa agus roimh bhinsí fiosrúcháin eile idirnáisiúnta.

Coistí Comhairleacha Bainistíochta

Tá Coistí Comhairleacha Bainistíochta na n-Oifigí mar a leanas:

- **Príomh-Choiste Comhairleach Bainistíochta (Príomh-MAC**) don Oifig iomlán déanta suas de dhlíodóirí ag grád atá ar chomhchéim le Rúnaí Cúnta nó níos airde agus Cinn Riaracháin an dá Oifig. Buaileann an Príomh-MAC le chéile gach dhá mhí go hiondúil;
- **Coiste Comhairleach Bainistíochta Dlí (MAC Dlí)** don oifig iomlán déanta suas de dhlíodóirí atá ar chomhchéim le Rúnaí Cúnta nó níos airde.

Freastalaíonn an tArd-Aighne ar chruinnithe an Choiste, a chasann le chéile gach dhá mhí go hiondúil;

- Tá a **MAC** áitiúil féin ag Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO araon, a bhuaileann le chéile gach mí agus ina bhfuil dlíodóirí ag grád atá ar chomhchéim le Rúnaí Cúnta nó níos airde agus an Ceann Riaracháin;
- Tá a Coiste Comhpháirtíochta féin ag Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO araon, le hionadaíocht ón mbainistíocht, ó na ceardchumainn, agus ó bhaill foirne eile.

Aonaid Riaracháin

Tá soláthar na seirbhísí dlí do chliaint á thacú ag Aonaid riaracháin in Oifig Shráid Mhuirfean agus in Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit comhdhéanta as:

- Acmhainní Daonna
- Oiliúint agus Forbairt
- Airgeadas
- Bainistíocht Athruithe
- Teicneolaíocht na Faisnéise
- Iniúchadh Inmheánach
- Leabharlann agus Fios Gnó
- Oifigí Príobháideacha (ag tacú leis an Ard-Aighne, an Ard Stiúrthóir, an bPríomh-Dhréachtóir Parlaiminte agus Príomh-Aturnae Stáit)
- Clárlann
- An tIonad Cáipéisíochta
- Seirbhísí Corparáideacha.

Tá leibhéal ard comhoibrithe idir na hAonaid ábhartha sna hOifigí agus sna seirbhísí roinnte araon i réimsí áirithe (m.sh. Bainistíocht Athruithe, Iniúchadh Inmheánach, Cuntasaíocht agus Bainistíocht Taifead Ghairmiúil).

1.4 Luachanna agus Sainmharcanna

Tacaítear lenár misean trí luachanna agus sainmharcanna lárnacha faoina bhfeidhmítear cúrsaí.

'Siad na luachanna lárnacha ná:

Gairmiúlacht

- Táimid tiomanta do chomhairle agus seirbhísí dlí a sholáthar atá neamhspleách agus oibiachtúil, agus timpeallacht eagrúcháin a chothabháil a fhorbraíonn agus a bhreisíonn ar shaineolas, faisnéis, inniúlachtaí, cumas agus

acmhainneacht na foirne aonair ag gach leibhéal, chun a gcuid rólanna a chomhlíonadh ar bhealach gairmiúil agus eiticiúil.

Seirbhís do chliaint

- Táimid tiomanta do sheirbhísí speisialtóireachta dlí den scoth a sholáthar, a shásaíonn riachtanas na gcliant againn agus a thacaíonn leo i seachadadh na dtosaíochtaí acu.

Fiúntas na foirne a aithint

- Mar eagraíocht atá speisialaithe, gairmiúil, faisnéis-bhunaithe, táimid tiomanta do thimpeallacht oibre atá dearfach agus atá luaíocht le fáil as, a aithníonn fiúntas na foirne acu.

Sofhreagracht agus inoiriúnaitheacht

- I dtimpeallacht ina bhfuilimid ag feidhmiú atá ag éirí níos casta, táimid tiomanta a chinntiú go bhfuil ár gcóras solúbtha, inoiriúnaithe agus ábalta freagairt ar éilimh na seirbhísí againn.

Luach ar airgead

- Táimid tiomanta a chinntiú go dtacaíonn ár bpróisis agus córais le soláthar seirbhísí atá éifeachtach agus éifeachtúil a thugann luach ar airgead.

Obair bhuíne

- Aithnímid go bhfuil páirt lárnach ag an bhfoireann speisialaithe agus daoine aonair, chomh maith le hobair bhuíne, mar bhunús ratha.

'Siad na sainmharcanna atá againn ná:

- Seasamh leis na caighdeáin is airde;
- A bheith inrochtana agus sofhreagrach;
- An leas is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil;
- A bheith rannpháirteach i gClár Nuachóirithe na Státseirbhíse agus i dtionscnaimh eile cosúil leis seo.

1.5 Achoimre ar Oifig an Ard-Aighne

Is iad éilimh ár gcliaint – Rialtas, Ranna agus Oifigí, a rialaíonn gnó na hOifige. I gceisteanna suntasacha áirithe, tá an Oifig agus a gcuid oibre difriúil ó chleachtais dlí na hearnála príobháidigh.

Tá an Oifig uathúil i measc chleachtais dlí toisc scóip agus éagsúlacht na hoibre a chomhlíonann siad. Cuimsíonn scóip na hoibre obair a bhíonn déanta go minic ag aturnaetha príobháideacha, abhcóidí cleachtacha agus dlíodóirí acadúla. Ina theannta sin, baineann obair na hOifige le mórán a bhíonn i gceist le hoifig dlí poiblí. Ina measc sin tá comhairle a chur ar an Rialtas agus Airí, comhairle ar reachtaíocht agus a dréachtú, comhairle ar cheisteanna a bhaineann leis an dlí poiblí, comhairle ar ionstraimí molta an AE agus beartas dlí, comhairle ar an mBunreacht agus dúshláin bhunreachtúla ar chúrsaí reachtaíochta a chosaint, athbhreithnithe breithiúnacha in aghaidh an Stáit agus údaráis an Stáit a chosaint, agus déileáil le háitribh an Stáit.

Baineann obair dlí na n-Oifigí le comhairle dlí a thabhairt ar cheisteanna ón Rialtas, Ranna agus Oifigí maidir le gach réimse den riaracháin poiblí. Baineann an obair le measúnú a dhéanamh ar impleachtaí dlí scéimeanna casta agus fíorais thábhachtacha don Rialtas agus Stát. Baineann sé le tuiscint ar an Rialtas in iomláine, a chuimsíonn Airí, Ranna agus Oifigí agus feidhm an Aontais Eorpaigh, chomh maith leis an gcomhthéacs áirithe óna eascraíonn an cheist. Is minic a bhíonn baint ag na hiarratais seo le ceisteanna dlí poiblí atá suntasach, nua agus conspóideach. Tá taithí agus fios gnó ag foireann dlí na hOifige i roinnt réimsí speisialaithe dlí atá tábhachtach don Rialtas, nach bhfeicfí nó nach mbeadh sách forbartha, i gcomhlachtaí dlí príobháideacha.

Is minic go mbíonn na hiarratais ar chomhairle, dréacht-reachtaíocht, dlíthíocht, tíolacadh agus obair idirbheartaíochta práinneach agus suntasach. Caithfidh an Oifig a bheith ábalta na héilimh seo a fhreagairt agus a bheith sách solúbtha ina cuid cleachtais agus ina cuid scileanna le bheith ábalta iarratais ar chomhairle agus seirbhísí dlí a fhreagairt mar is cuí.

Is mian leis an Oifig cur chuige aontaithe agus comhordaithe a chothabháil maidir le dlíthíocht agus seirbhísí dlí. Mar chuid den Státseirbhís, tá an Oifig faoi réir na reachtaíochta a rialaíonn an Státseirbhís. Tá siad faoi cheangal chomh maith ag rialacha rialachais agus nósanna imeachta na Státseirbhíse, a chuimsíonn bainistíocht airgeadais agus ghinearálta, iniúchadh poiblí, earcaíocht agus soláthar foirne, agus saoráil faisnéise. Ní ghearrann an Oifig táille do sheirbhísí dlí.

Caibidil 2: Anailís ar an Timpeallacht Oibre

2.1 Réamhrá

Tarlaíonn athruithe leanúnacha sa timpeallacht in n-oibríonn na hOifigí toisc forbairtí dlí agus beartais na Feidhmeannachta agus an Oireachtais, an Aontais Eorpaigh, forbairtí tagtha aníos toisc cinntí an bhreithiúnais, agóidí dlí tógtha ag an bpobal agus athruithe i rialachas na Státseirbhíse.

Caithfidh an Oifig an acmhainneacht a chothabháil chun freagairt do na hathruithe seo de réir mar a thagann siad aníos. Caithfidh an Oifig an obair a dhéanann siad agus conas a dhéanann siad í a phleanáil go cúramach, agus go háirithe, conas a roinntear an obair idir na hOifigí, agus lucht pearsanra, leis an acmhainneacht a uasmhéadú.

Foilsíodh Clár Rialtais nua, *An Agreed Programme for Government 2007 – 2012,* i Meitheamh, 2007. Mar sholáthraí seirbhísí dlí dár gcliaint, tá tosaíochtaí straitéiseacha na hOifige cinnte go pointe áirithe ag lucht Rialtais agus ag Ranna agus Oifigí a dhéanann beartas an Rialtais a chur i bhfeidhm. An dúshlán don Oifig seo sna chéad trí bliana eile ná na tosaíochtaí seo a chur i bhfeidhm, agus ollúsáid na n-acmhainní ar fad á bhaint amach.

Tá struchtúir dea-fhorbartha curtha i bhfeidhm, le hardchaighdeáin a chur chun cinn i seachadadh na seirbhísí cliant agus custaiméirí. Leanfaidh an Oifig ag saothrú éitis na seirbhíse cliant i measc na mball foirne trí Chóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta agus tionscnamh Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí laistigh den Státseirbhís. Tá straitéis chomhtháite glactha ag an Oifig, atá deartha chun feabhsuithe intomhaiste a sheachadadh sa seirbhís cliant, a chuimsíonn géilliúlacht lenár gCairteanna Cliant agus Custaiméirí, Treoir Seirbhísí Cliant agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí.

Nuair a bhí an Ráiteas Straitéise seo á chur ar bun, rinneadh athbhreithniú ar an timpeallacht ina soláthraíonn an Oifig seirbhísí dlí, chun réamh-mheas a dhéanamh ar an athrú a d'fhéadfadh a theacht ar an timpeallacht ina soláthraímid seirbhísí dlí thar an tréimhse trí bliana amach romhainn, agus straitéisí oiriúnacha a chur ar bun maidir leis na hathruithe seo. Soláthróidh an Oifig seirbhísí dlí i gcomhthéacs athruithe polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta, teicniúla agus eile le linn an tréimhse.

2.2 <u>Dúshláin Shonracha</u>

I measc na ndúshlán dlí sonrach gur dócha a bheidh roimh na hOifigí thar an tréimhse trí bliana amach romhainn tá:

- go háirithe gach saincheist a bhaineann le cúrsaí comhshaoil agus gur féidir eascairt maidir le raon leathan saincheisteanna agus réimsí dlí, saincheisteanna dlí nua agus atá ag teacht chun cinn cosúil le heolaíocht leighis, teicneolaíocht an bhia, cosaint príobháideachta/faisnéise, sláinte, oideachas agus dlí saothair;

- na dúshláin dlí atá cruthaithe ag athruithe sa sochaí a bhainistiú m. sh. tearmann agus inimirce - agus athruithe iarmhartacha ar chúrsaí oideachais, beartas seirbhísí sláinte agus sóisialta toisc inimirce;

- comhairliú don Rialtas, Airí, Ranna agus Oifigí ar an gcleachtas dlí is fearr i ndlí riaracháin, ionas gur féidir ardchaighdeáin a chinntiú i gcúrsaí cinnteoireachta;

- déileáil leis na riachtanais atá cruthaithe ag athruithe sna cleachtais Cúirte, a chuimsíonn liosta na gcásanna i gceantair áitiúla, agus na hathruithe beartaithe i ndlínse na gCúirteanna Dúiche agus Cuarda;

- na dúshláin dlí atá cruthaithe ag anailísí tionchar comhshaoil agus anailísí tionchar straitéisigh a bhainistiú, i gcomhthéacs forbartha ar ollscála agus tionscadail infreastruchtúir a chur i gcrích.

- tabhairt faoi na dúshláin a chruthaíonn an Conradh Leasaithe agus leathnú ar dhlínse Chúirt Cheartais na hEorpa dá thoradh, agus

- na héilimh a shásamh maidir le dlíthíocht Eorpach.

Dúshláin maidir le dréachtú na reachtaíochta:

- éileamh breise chun dréacht-reachtaíocht a tháirgeadh de chastacht agus práinn dhifriúil maidir le réimsí éagsúla dlí;

- pleanáil agus comhordú níos fearr a éascú idir na hOifige agus na Ranna, maidir le dréachtú na hoibre chun ollúsáid na n-acmhainní a bhaint amach trí bheartú tosaíochta.
- an éileamh breise síoraí chun leasuithe Tí a dhréachtú do Bhillí Rialtais a shásamh, agus
- comhordú idir Ranna an Stáit maidir le ceapadh beartas ar reachtaíocht leathan.

Dúshláin maidir le foghlaim eagrúcháin:

- i gcomhthéacs na n-éileamh breise ar an Oifig chun seirbhísí dlí a sholáthar, am a dhéanamh le hoiliúint chuimsitheach a thabhairt d'iontrálaithe nua agus forbairt ghairmiúil ar bhonn leanúnach, agus
- bainistiú ar láimhdeachas na foirne riaracháin agus caillteanas faisnéise agus scileanna a íoslaghdú, de thoradh athruithe foirne.

Dúshláin maidir le próisis agus córais ghnó:

- leabú breise agus breisiú ACME (córas bainistíochta cásanna agus taifead na n-Oifigí);
- feabhsú breise an Chórais Bainistíochta Airgeadais agus comhtháthú an chórais le ACME le riachtanais Chreatlaí na Faisnéise Bainistíochta a shásamh, le suntas áirithe do tháscairí airgeadais agus costais-ghaolmhara.
- rannpháirtíocht i gClár Athbhreithnithe Éifeachtachta fógartha ag an Aire Airgeadais i mBuiséad 2008;
- Athbhreithnithe Beartas breise a chomhlíonadh maidir le Luach ar Airgead chun soláthar seirbhísí atá éifeachtach a chinntiú;
- córais a thabhairt isteach chun monatóireacht a dhéanamh ar bhainistíocht eolais na dtáscairí neamh-airgeadais;
- socruithe tuairisce oiriúnacha a chinntiú ag cuimsiú Tuarascálacha Dhul Chun Cinn ar fhorfheidhmiú na n-eochairchuspóirí sa Ráiteas Straitéise agus Treoir Seirbhísí Cliant in Oifigí Shráid Mhuirfean agus Plean Gníomhachta Custaiméirí d'Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit. Cuimseofar na tuarascálacha seo i dTuarascáil Bhliantúil na hOifige;
- béim bhreise ar chomhordú na n-acmhainní faisnéise, chun cinntiú go bhfuil rochtain ag úsáideoirí ar raon oiriúnach de sheirbhísí faisnéise agus chun luach ar airgead a chinntiú;
- leanúint le próiseas leabaithe na bainistíochta riosca laistigh de na hOifigí, agus
- tomhais, monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le gnóthú na gcuspóirí againn.

2.3 Comhthéacs Inmheánach

Soláthar na Seirbhíse, an Cliant, agus an Custaiméir

Tá béim ann i gcónaí a chinntiú go soláthraíonn an Oifig seirbhís oibiachtúil, neamhspleách, rúnda agus ghairmiúil.

Aithníonn an Oifig an riachtanas atá ann le bainistíocht a dhéanamh, ar bhealaí níos freagartha ná riamh, leis na páirtithe leasmhara agus gníomhaireachtaí seachtracha. De réir dealraimh, cuimsíonn sé seo an riachtanas chun déileáil le ceisteanna casta a bhaineann le comhairle a thabhairt do roinnt Ranna nó gníomhaireachtaí ar cheist aonair, a éilíonn leibhéil bhreise inoiriúnaitheachta agus comhoibrithe. Tá páirtithe leasmhara na hOifige leagtha amach ag Aguisín III.

'Sí straitéis fhoriomlán na hOifige maidir le soláthar na seirbhíse dlí ná speisialú i gcónaí. Cumasóidh sé seo don Oifig dul i ngleic le castacht mhéadaithe an

chomhshaoil inmheánaigh agus an chomhshaoil dlí ina bhfeidhmíonn siad. Soláthraíonn sé deis foirmeálta le grúpaí speisialaithe, rannóga agus foirne breise a chruthú, nuair a thagann éileamh aníos le hailíniú feabhsaithe ar riachtanais na gcliant. Méadaíonn sé seo an gá le bainistiú cáis agus taifead feabhsaithe agus feabhsú ar dháileadh na gcás-ualaí. Aithníonn an Oifig chomh maith go gcaithfidh an acmhainneacht agus inoiriúnaitheacht a bheith acu chun rochtain a fháil ar shaineolas dlí seachtraigh, i réimsí speisialaithe mar a thagann forbairtí aníos.

Foghlaim Eagrúcháin

Tá an Oifig tiomanta do bheartas forbartha foirne chun a chinntiú go mbeidh fórsa saothair cuimsitheach atá ard-spreagtha agus oilte aici i gcónaí. Aithníonn an Oifig an riachtanas atá ann maidir le huasmhéadú a dhéanamh ar úsáid éifeachtach na n-acmhainní atá ar fáil, agus chun ionchais na foirne a shásamh maidir le timpeallacht oibre atá oscailte agus a bhfuil luach saothair aici.

Tá straitéisí cuimsitheacha á bhforbairt ag na hOifigí chun déileáil leis na riachtanais oiliúna agus forbartha sna trí bliana amach romhainn. Déanfar na straitéisí a cheapadh bunaithe ar phróiseas comhairliúchán le cinntiú go n-aimsíonn na hiontrálaithe nua na scileanna oiriúnacha, an fhaisnéis agus an taithí, a chumasóidh dóibh obair na n-Oifigí a chomhlíonadh, agus go leanfaidh na baill foirne reatha ag forbairt ar bhonn gairmiúil.

Leanann an Oifig forbairt na straitéisí bainistíochta eolais go gníomhach, ionas go mbeidh rochtain ag baill foirne ar eolas agus faisnéis atá riachtanach chun seirbhísí ardchaighdeáin a sheachadadh, agus le cinntiú go ndéantar eolas comhchoiteann na heagraíochta agus a ndaoine a chothú agus a fhorbairt. Don chríoch seo, spreagann an Oifig bainistíocht eolais ar mhórán bealaí, a chuimsíonn forbairt na bpobal cleachtais agus na líonraí laistigh den Oifig, agus lenár gcomhghleacaithe dlí sna Ranna Rialtais ionas gur féidir eolas agus fios gnó speisialaithe a roinnt. Ina theannta sin, déanann an Oifig forbairt oideachasúil agus deiseanna foghlama do bhaill foirne, a spreagadh agus a chur chun cinn.

Comhpháirtíocht

Aithníonn an Oifig an tábhacht a bhaineann leis an gcur chuige Comhpháirtíochta a leanúint, chun forbairt bhreise a dhéanamh ar chultúr an athraithe laistigh den Oifig. Bhí an cur chuige Comhpháirtíochta rí-thábhachtach chun na hathruithe le déanaí a bhaint amach agus leanfar leis thar thréimhse an Ráitis Straitéise. Beidh ról lárnach ag an gCoiste Comhpháirtíochta i bhforfheidhmiú an Ráitis Straitéise seo.

Próisis agus Córais Ghnó

Soláthróidh an Córas Bainistíochta Cásanna agus Taifead (ACME), atá á chur i bhfeidhm i láthair na huaire, córas bainistíochta cáis agus feidhmíocht na bainistíochta taifead atá gaolmhar do na hOifigí atá oiriúnach do riachtanais na móroifigí dlí, chomh maith leis an gcumas monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí sna réimsí oibre ar fad, lena n-áirítear dréacht-reachtaíocht, comhairlí, dlíthíocht agus idirbheartaíochtaí eile. Déanfaidh sé seo ár n-acmhainneacht a éascú maidir le hanailís agus tuairisciú na hoibre, toisc go ndéanfaidh an ACME aibhsiú ar chúrsaí éilimh agus ar leibhéil

ghníomhaíochta trasna na n-Oifigí, agus cuirfidh sé lucht bainistíochta ar threochtaí maidir le héileamh na seirbhísí agus leibhéil oibre.

Déanfaidh forbairt agus leabú breise Chórais Bainistíochta Airgeadais comhtháite na hOifige i gcomhthéacs thionscnaimh Creatlaí na Faisnéise Bainistíochta, forbairt a sholáthar maidir le fabhrú breise agus tuarascálacha bainistíochta airgeadais atá airgead-bhunaithe a éascóidh pleanáil, agus a dhéanfaidh monatóireacht agus tuairisciú ar fheidhmíocht agus caiteachas. Déanfaidh forbairt chomhéadain leis an gcóras ACME forbairt a sholáthar maidir le bainistíocht airgeadais cuimsithí agus neamh-airgeadais, agus tuarascálacha costála le cinnteoireacht níos fearr a bhaint amach agus úsáid níos éifeachtaí na n-acmhainní.

Le fócas straitéiseach na hOifige mar eagraíocht eolas-bhunaithe san áireamh, déanfaidh an Oifig athbhreithniú ar mholtaí na Straitéise Bainistíochta Eolais reatha, le forbairt agus feabhsú na bainistíochta eolais a chur i gcrích. Mórfhorbairt sna cúrsaí seo na forbairt ar fheidhmchlár fios gnó nua a éascaíonn cur chuige "dea-chleachtais", chun comhairlí inmheánacha tábhachtach agus ábhair dlí eile a dhéanamh níos inrochtana. Tógfaidh siad ar na próisis agus nósanna imeachta reatha fios gnó, agus déanfaidh siad iad a threisiú laistigh den Oifig.

I gcomhthéacs an chláir oibre um Rialáil Níos Fearr agus chun feabhsú ar inrochtaineacht ghinearálta an Leabhair Reachtanna, leanann an Oifig le cothabháil Leabhair Reachtanna na hÉireann i bhfoirm leictreonach (eISB) a dhéanann Achtanna an Oireachtais, Ionstraimí Reachtúla agus Táblaí Croineolaíocha na Reachtanna a ionchorprú i ndá fhormáid, leagan ar líne agus ar CD-ROM. Tá Athbhreithniú um Luach ar Airgead ar chothabháil an eISB, atá á thabhairt chun críche, tar éis moltaí a aithint a bheidh tábhachtach maidir le táirgeadh an eISB sa todhchaí. Leanfaidh an Oifig ina gcuid iarrachtaí le cinntiú go ndéantar an próiseas reachtúil a chomhlíonadh ar bhealach, ag baint leasa as an teicneolaíocht oiriúnach, a chinnteoidh comhoibriú foirmeálta leis na páirtithe leasmhara eile a chuimsíonn Roinn an Taoisigh, Oifig na n-Oibreacha Poiblí, Gníomhaireacht Soláthair an Rialtais, Tithe an Oireachtais, An Roinn Airgeadais agus An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, le plean straitéiseach dó go dtí cúig bliana chun eISB a dhaingniú mar aschur a fhreagraíonn do riachtanas poiblí.

Tá straitéis bainistíochta riosca cuimsithí forbartha ag na hOifigí, a chuimsíonn beartas bainistíochta riosca agus Grúpa Corparáideach agus Aonair agus Clárlanna Riosca na n-Aonad Gnó. Beidh fócas breise ann le cultúr na bainistíochta riosca a leabú trí athbhreithnithe foirmeálta rialta na gClárlann.

Fanfaidh forfheidhmiú leanúnach ar Chlár Nuachóirithe na Státseirbhíse agus leasuithe gaolmhara mar thosaíocht.

Léiríonn ár bhfreagairt ar na leasuithe seo, an tuiscint atá againn ar an riachtanas le córais cuntasacha, trédhearcacha agus sofhreagracha, nuair atá luach ar airgead agus seirbhís ardchaighdeáin á sheachadadh.

Athbhreithniú eagrúcháin agus tagarmharcáil

I 2007, rinne an Rialtas tús leis an gClár Athbhreithnithe Eagrúcháin a fhaomhadh. Tá sé beartaithe go soláthróidh na hathbhreithnithe scrúdú ar acmhainneacht na heagraíochta lena gcuid spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Le linn saolré an Ráitis Straitéise seo, déanfaidh an Oifig athbhreithniú a chomhlíonadh chun scrúdú a dhéanamh ar acmhainneacht na hOifige i líon réimsí tábhachtacha cosúil le straitéis, bainistiú an tseachadta agus an mheasúnaithe, ag díriú ar ár n-acmhainneacht chun déileáil go héifeachtach le dúshláin sa todhchaí agus athruithe sa chur chuige.

Tionscnamh tábhachtach nuachóirithe faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialaí, *I dTreo 2016,* ná measúnú tréimhsiúil ag Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse (GFFS) na dTuarascálacha Dul Chun Cinn, maidir le forfheidhmiú na dtiomantas sonrach nuachóirithe mar atá leagtha amach in bPleananna Gníomhaíochta na n-Oifigí. Go luath i 2007, tar éis mheasúnaithe Dara Tuarascálacha Dul Chun Cinn an dá Oifig, d'aibhsigh an GFFS an tábhacht maidir le tagarmharcanna idirnáisiúnta, chun an eagraíocht a léiriú i gcomparáid leis an gcomhthéacs idirnáisiúnta. Tá dhá thionscadal faoi leith tionscanta ag an Oifig, ceann le tagarmharcáil a dhéanamh ar an taobh Comhairleach, Sráid Mhuirfean agus taobh dlí CSSO agus ceann eile le tagarmharcáil a dhéanamh ar Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte, i gcoinne eagraíochtaí comparáideacha eile i ndlínsí eile. Soláthróidh toradh na dtionscadal seo faisnéis luachmhar maidir le feidhmíocht na hOifige i gcomhthéacs idirnáisiúnta.

Cóiríocht na n-Oifigí

Tá cóiríocht bhreise chun freastal ar acmhainní foirne breise mar thosaíocht sna hOifigí, thar thréimhse an Ráitis Straitéise. Leanfaidh na hOifigí ag comhoibriú le hOifig na n-Oibreacha Poiblí le cóiríocht bhreise agus oiriúnach a aimsiú.

Tionscadal Athchóirithe an Dlí Reachtúil

Glacann an Oifig páirt ghníomhach i bhforbairt an bheartais um Rialachán Níos Fearr i gcomhar le Roinn an Taoisigh, agus áirítear léi Athchóiriú an Dlí Reachtúil i gcomhthéacs an Chláir Oibre Leasaithe Rialacháin. Chríochnaigh an tréimhse roimhe seo de Thionscadal Athchóirithe an Dlí Reachtúil in achtú an Achta um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007. Tá an tAcht ar an reacht aisghairthe aonair is mó i stair an Stáit a rinne aisghairm shainráite ar 3,225 Achtanna atá imithe i léig maidir le hÉirinn. De réir téarmaí an Achta, bhí 12, 563 Acht breise nach raibh infheidhmithe maidir le hÉirinn, ach a rith Parlaimint Ríochta Aontaithe na Breataine Móire agus na hÉireann, gurbh intuigthe go ndearnadh aisghairm orthu. 'Sí príomhghné an Achta um Athchóiriú an Dlí Reachtúil 2007, ná gur cuimsíodh liosta na n-Achtanna atá fós i bhfeidhm (an liosta bán). Tá soiléireacht agus cinnteacht againn den chéad uair ar cén Achtanna Ginearálta Poiblí a achtaíodh roimh an 6 Nollaig 1922, atá i bhfeidhm sa Stát.

Díríonn an chéad thréimhse eile de Leasú an Dlí Reachtúil a thosaigh i Meán Fómhair 2007, ar Achtanna "Áitiúil agus Pearsanta" agus "Príobháideach" a achtaíodh roimh an 6 Nollaig 1922. Tá iomlán de 22,422 Acht "Áitiúil agus Pearsanta" agus 11,205 aitheanta ag an tionscadal, le hiomlán de 33,627 le scrúdú dá bhrí i dtréimhse Leasaithe an Dlí Reachtúil. Tá sé beartaithe go ndéanfar déileáil leis na hAchtanna seo sa Bhille um Athchóiriú an Dlí Reachtúil i 2009/2010. Tá an comhairliúchán poiblí atá gaolmhar leis an gcéim seo ag lorg aighneachtaí chomh maith, ar Chairteanna agus Rialacha Reachtúla agus Orduithe, a bhfuil sé beartaithe déileáil leo ag tréimhse níos déanaí sa tionscadal.

Soláthar Foirne agus Buiséad

Leagann an tábla a leanas amach líon na mball foirne údaraithe do 2008 agus na buiséid leithroinnte d'Oifig Shráid Mhuirfean agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit do 2008.

Suíomh	Líon foirne	Buiséad 2008
Oifig Shráid Mhuirfean	138	€19.551 milliún
CSSO	249	€41,283 milliún
Iomlán	**387**	**€60,834 milliún**

2.4 Comhthéacs Inmheánach

Mar gheall ar nádúr agus castacht an chomhshaoil seachtraigh, tá dúshlán i gceist le measúnú na bpríomhthiománaithe seachtracha. Cibé ar bith, cuireann athbhreithniú na n-éileamh gairmiúil reatha in iúl go mbeidh na réimsí a leanas suntasach, thar thréimhse an Ráitis Straitéise.

Iasachtaí

Is forbairt thábhachtach í iasacht na n-Abhcóidí Comhairleacha, nuair a fhreastalaíonn siad mar Chomhairleoirí Dlí "inmheánacha", i soláthar na seirbhísí dlí don Stát.

Chonacthas go mbeadh buntáistí an tionscadail mar a leanas:

- d'fhéadfaí déileáil le ceisteanna gnáthaimh ar bhunús intíre, ag scaoileadh foirne dlí laistigh den Oifig chun díriú ar ghníomhaíochtaí níos straitéisí nó breisluacha;

- bainfidh na hAbhcóidí Comhairleacha ar iasacht, leas ó dheiseanna foghlamtha gairme, gur féidir leo breisiú a dhéanamh ar a gcuid oiriúnaitheachta maidir le harduithe céime;

- beidh buntáiste ann don Oifig ó shaineolas atá forbartha ag daoine ar iasacht a fhilleann chun na hOifige.

Painéil

Go luath i 2006, rinneadh seisear dlíodóir a earcú a bhí ar na chéad oiliúnaithe ar an Tionscadal Píolótach Iasachta. I láthair na huaire, tá iasachtaí ag an Oifig sna Ranna a leanas: na Ranna Oideachais agus Eolaíochta, Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Iompair, Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus Sláinte agus Leanaí.

Tá treoirlínte leagtha síos a leagann amach conas gur féidir comhairle a lorg ón dlíodóir intíre agus conas agus cén uair ar féidir í sin a lorg ón Oifig.

I 2007, rinneadh seachtar Abhcóide Comhairleach eile a earcú agus tá siad i mbun oiliúna san Oifig i láthair na huaire, agus rachaidh cúigear acu seo roimh Aibreán, 2008. Feictear go mbeidh iasachtaí i raon Ranna Rialtais a chuimsíonn na ranna Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí; Airgeadais, Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha agus Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

Buntáiste suntasach den Tionscadal Iasachta, chomh maith le cur chuige níos sruthlínte a bhaint amach maidir le soláthar na seirbhísí dlí, ná go gceadaíonn sé naisc níos dírithe le Ranna na gCliant a chumasaíonn dúinn tuiscint níos fearr a fháil ar a gcuid riachtanais, agus na beartais ordaitheach a dhéanann iad a thiomáint. Tá buntáiste le feiceáil maidir le hiarratais ar chomhairle dlí, dlíthíochta agus reachtaíochta.

<u>Tuairiscí chuig an Rialtas ar chásanna Íogair agus Bunreachtúla</u>

Cuireann an Oifig Meamram agus Tuarascáil faoi bhráid an Rialtais ar chásanna íogair agus bunreachtúla atá á láimhseáil acu maidir leis na cásanna atá i gceist, chomh maith leis na himpleachtaí agus an stádas. Roimh a chuirtear an Tuarascáil faoi bhráid an Rialtais, déantar í a scaipeadh ar na Ranna ábhartha, agus dá bhrí ag cuidiú le straitéisí srianta oiriúnacha maidir le cásanna mar sin. Is foinse luachmhar faisnéise iad na Tuarascálacha seo don Rialtas, agus coinneofar an próiseas faoi athbhreithniú go seasmhach, agus déanfar monatóireacht air thar tréimhse an Ráitis Straitéise.

Caibidil 3: Spriocanna, Cuspóirí, Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Aithníonn spriocanna, cuspóirí, straitéisí agus táscairí feidhmíochta na hOifige gníomhaíochtaí sonracha nua atá le comhlíonadh agus gníomhaíochtaí tábhachtacha leanúnach go gcaithfear leanúint leo, le cinntiú go mbaintear sainordú na hOifige amach. Mar sholáthraí speisialaithe na seirbhísí dlí don Rialtas, Ranna agus Oifigí, tá na cuspóirí agus straitéisí ag teacht le bunluachanna a chuimsíonn gairmiúlacht, seirbhís ardchaighdeáin agus luach ar airgead.

Tá na spriocanna ardleibhéil do na bun-thaobhanna tacaíochta dlí agus gnó díorthaithe ón ráiteas misin, a shonraíonn gur mian leo an caighdeán is airde de sheirbhísí gairmiúla dlí a sholáthar don Rialtas, Ranna agus Oifigí. Déanann siad cur síos i dtéarmaí leathana, cad atá na bun-thaobhanna tacaíochta dlí agus gnó ag iarraidh a bhaint amach, thar tréimhse an Ráitis Straitéise. 'Siad seo:

Sprioc 1 - Abhcóidí Comhairleacha

Chun tacaíocht ardleibhéil agus speisialaithe a sholáthar don Ard-Aighne agus comhairle a chur air i ndualgais na hoifige trí sheirbhísí speisialaithe na n-Abhcóidí Comhairleacha a sholáthar i réimsí dlí atá tábhachtach don Rialtas ag léiriú sofhreagracht, éifeachtacht, agus éifeachtúlacht.

Sprioc 2 – Dréachtóirí Parlaiminte

Seirbhís ardghairmiúil, speisialaithe agus éifeachtach um dhréachtú reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Sprioc 3 – Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Seirbhís aturnae ardchaighdeáin speisialaithe a sheachadadh don Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí i réimsí na dlíthíochta, agus comhairle dlí speisialaithe den scoth a sholáthar agus ar chúrsaí áitreabh agus idirbheartaíochta.

Sprioc 4 – Seirbhísí Tacaíochta Gnó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO

Seirbhísí tacaíochta gnó agus corparáidigh atá nua-aoiseach agus gairmiúil a sholáthar, a dhéanann seirbhís den scoth a sheachadadh do chliaint agus custaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

Cuspóirí

Tá cuspóirí aitheanta ag an Oifig de réir na sprice ardleibhéil faoi leith atá mar ráitis léirithe intinne, agus a chuireann in iúl conas mar a thugtar spriocanna ar aghaidh i ngach réimse sa tréimhse trí bliana go dtí 2010.

Straitéisí agus Táscairí Feidhmíochta

Tá straitéisí aitheanta ag an Oifig a leanfaimid chun gach cuspóir a bhaint amach agus úsáidfimid táscairí feidhmíochta chun monatóireacht a déanamh ar an dul chun cinn.

Tá straitéisí sonracha aitheanta ag réimsí dlí na n-Abhcóidí Comhairleacha, na nDréachtóirí Parlaiminte agus CSSO maidir le heochair-réimsí tacaíochta eagrúcháin cosúil le hacmhainní daonna, seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí, bainistíocht airgeadais, bainistíocht riosca agus bainistíocht eolais. Tá na straitéisí seo tábhachtach i dtéarmaí forfheidhmithe na gcuspóirí agus na spriocanna ardleibhéil a bhaint amach maidir le soláthar na seirbhísí dlí.

Aschuir agus Torthaí

Tuarascálacha Bliantúla na hOifige a dhéanfaidh cur síos ar an dul chun cinn maidir le baint amach ár gcuspóirí, spriocanna agus straitéisí ardleibhéil sa todhchaí. Aithneoimid aschuir shonracha cainníochtúla agus intomhaiste do gach straitéis chomh maith. Aithneoimid torthaí cáilíochtúla nó leathana chomh maith, a cheadóidh anailís níos suibiachtúla ar fhorfheidhmiú na straitéisí.

3.1 Abhcóide Comhairleach

Sprioc 1

Chun tacaíocht ardleibhéil agus speisialaithe a sholáthar don Ard-Aighne agus comhairle a chur air i ndualgais na hoifige trí sheirbhísí speisialaithe na n-Abhcóidí Comhairleacha a sholáthar i réimsí dlí atá tábhachtach don Rialtas ag léiriú sofhreagracht, éifeachtacht, agus éifeachtúlacht.

Cuspóir 1

Seirbhís speisialaithe comhairleach dlí den scoth a sheachadadh dár gcliaint, le tacaíocht ó bhainistíocht eolais agus teicneolaíocht na faisnéise.

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Príomhthiomantais na hOifige ina dTreoir Seirbhíse Cliant 2008 - 2010 agus Cairt Chustaiméirí agus Chliant na n-Abhcóidí Comhairleacha agus Riaracháin a sheachadadh.	Géilliúlacht le tiomantais na Treorach Seirbhíse Cliant agus na Cairte Cliant a mheasúnú trí athbhreithnithe foirmeálta rialta, cruinnithe an Phainéil Cliant agus suirbhéanna cliant débhliantúla. Dul chun cinn agus feabhas a thagarmharcáil i gcoinne suirbhéanna agus torthaí athbhreithnithe roimh seo, a dhéanann na nithe a leanas a mheas: • Éifeachtacht i gcumarsáid réamhghníomhach le cliaint; • Sofhreagracht agus tráthúlacht maidir le feidhmíocht an tsoláthair seirbhíse; • Cruinneas, cáilíocht agus comhsheasmhacht na n-aschur oibre/na comhairle soláthraithe; • Soláthar ginearálta seirbhíse agus gairmiúlacht na n-Abhcóidí Comhairleacha; • Rannpháirtíocht na gcliant maidir le soláthar seirbhíse; • Feabhsúcháin bainte amach thar thréimhsí idirlinne.
2. Comhoibriú dlúth a chothabháil le OPC, CSSO agus comhairleoirí dlí na Roinne maidir le láimhseáil na hoibre dlí.	• Monatóireacht agus athbhreithniú ar Thuarascáil Ghrúpa Rialaithe Cáilíochta na Reachtaíochta; • Comhordú a léiriú le comhairleoirí dlí i Ranna Rialtais, Binsí agus Fiosrúcháin agus Oifigí Stáit eile le cruinnithe athbhreithnithe rialta leis na haonaid dlí sin; • Coinneáil le feabhas leanúnach ar fheidhmiú agus forbairt an chórais bainistíochta cásanna agus taifead, agus úsáid an chórais i láimhseáil na hoibre dlí ar fad.
3. Forbairt leanúnach ar bhainistíocht an eolais.	• Cuir le cruinnithe ar cheisteanna dlí agus a bheith rannpháirteach iontu.

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
	• Cuimsiú leanúnach na ndoiciméad ábhartha ar an mbunachar sonraí fios gnó chórais fios gnó; • Leanúint le roinnt na faisnéise agus an tsaineolais ag cruinnithe an Ghrúpa dlí.
4. Beartais bainistíochta riosca na hOifige a fhorfheidhmiú.	• Soláthar faisnéise don Ard-Rúnaí, Coistí Comhairleacha Bainistíochta agus don Ard-Aighne ar réimsí suntasacha riosca; • Straitéisí Bainistíochta Riosca na hOifige a leabú, a chuimsíonn athbhreithniú rialta foirmeálta ar Chlárlanna Grúpa agus Riosca Corparáidigh; • Leanúint le forbairt agus athbhreithniú an chórais chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhaid dlí atá íogair; • Tuairisciú don Rialtas faoi thrí go bliantúil ar dhlíthíocht íogair; • Aontú agus monatóireacht a dhéanamh ar chloí le beartais, prótacail agus sreafaí oibre na hOifige.
5. A beith rannpháirteach i bhforbairt na Bainistíochta Airgeadais san Oifig le seachadadh na n-aschur a chinntiú de réir Ráitis Bliantúil Aschur na hOifige agus le luach ar airgead a chinntiú.	• Monatóireacht a dhéanamh ar ionchuir agus ar sheachadadh na n-aschur trasna raon de thascanna dlí roghnaithe i gcomhthéacs Chláir na n-Abhcóidí Comhairleacha maidir le Ráiteas Bliantúil Aschur na hOifige; • Pleanáil agus dáileadh na n-acmhainní ag féachaint do threochtaí sna hualaigh oibre agus castacht agus toirt na hoibre; • Le CSSO, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an gcaighdeán seirbhíse atá soláthraithe ag an abhcóide seachtrach.
6. Pleanáil don todhchaí do sheirbhísí comhairleacha dlí.	• Athbhreithniú bliantúil ar na seirbhísí dlí atá soláthraithe agus gníomhaíochtaí eile le fionnadh cén athruithe, más ann dóibh, gur chóir a dhéanamh sa mhodh seachadta nó sa bhainistíocht eagrúcháin; • Monatóireacht a dhéanamh agus freagairt ar cheisteanna dlí atá ag teacht chun cinn.

Cuspóir 2

Straitéis Acmhainní Daonna na hOifige a fhorfheidhmiú, mar a bhaineann le hAbhcóidí Comhairleacha.

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Earcaíocht, oiliúint agus forbairt na n-Abhcóidí Comhairleacha nua.	• Cead oiriúnach na Roinne Airgeadais a lorg agus Abhcóidí Comhairleacha a earcú mar is cuí; • Ionduchtú na hOifige ar iontrálaithe nua na n-Abhcóidí Comhairleacha a athbhreithniú; • Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar riachtanais shonracha oiliúna agus forbartha na nAbhcóidí Comhairleacha.
2. Clár oiliúna straitéisigh ar cheisteanna dlí agus bainistíochta a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú.	• Clár a fhorfheidhmiú agus a fhorbairt maidir le hoiliúint agus forbairt straitéiseach bhreise/leanúnach a chur i gcrích don Abhcóide Comhairleach; • Tacaíocht agus oiliúint leanúnach a sholáthar don Abhcóide Comhairleach ar iasacht.
3. Feidhmiú ceart an PMDS a chinntiú mar a bhaineann leis an bhfoireann dlí.	• Tosaíochtaí forbartha & oiliúna comhtháite PMDS agus Acmhainní Daonna a fhorfheidhmiú; • Athbhreithniú bliantúil do bhaill uilig na nGrúpaí speisialaithe ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna a bhaint amach i gcúrsaí PMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta), oideachais, oiliúna, forbartha.

Cuspóir 3

Cuidiú le comhardú seirbhísí dlí an Stáit

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Cuir le seirbhís phoiblí éifeachtach trí chúnamh a thabhairt le comhordú seirbhísí dlí an Stáit.	• Comhordú a léiriú le comhairleoirí dlí i Ranna Rialtais, Binsí agus Fiosrúcháin agus Oifigí Stáit eile le cruinnithe athbhreithnithe rialta leis na haonaid dlí sin; • Feidhmiú na hiasachta a leabú agus a scagadh maidir le hAbhcóidí Comhairleacha na Ranna Rialtais, a chuimsíonn athbhreithnithe bliantúla ar fheidhmiú socruithe na n-Abhcóidí Comhairleacha; • Athbhreithniú agus breisiú a dhéanamh ar an gcóras chun éascú agus comhordú a dhéanamh ar an gcur

	chuige maidir le dlíthíocht intíre agus ECJ; • Athbhreithniú agus forbairt bhreise ar ról an Chomhairleora Dlí le Buan-Ionadaíocht Éireannach an Aontais Eorpaigh; • Rannpháirtíocht in obair AGO/Choiste Comhairleach um Athchóiriú an Dlí.
2. Seirbhísí dlí a sholáthar don Rialtas i bhforfheidhmiú na mbeartas dlíthíochta agus na scéime cúitimh agus i láimhseáil na gceisteanna tras-Rannach.	• Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre tras-Rannach agus comhairle a sholáthar dóibh agus do choistí ar cheisteanna tras-Rannach.

3.2 Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte

Sprioc 2

Seirbhís ardghairmiúil, speisialaithe agus éifeachtach um dhréachtú reachtaíochta a sholáthar don Rialtas.

Cuspóir 1

Dréachtú a dhéanamh ar

- Bhillí Rialtais de réir na dtosaíochtaí atá leagtha amach i gClár Reachtaíochta an Rialtais,
- Leasuithe Thréimhse an Choiste agus na Tuarascála maidir le Billí ar bhealach tráthúil,
- Ionstraimí Reachtúla (a chuimsíonn rialacháin a thugann éifeacht maidir le hachtanna na gComhphobal Eorpach) ar bhealach tráthúil.

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Comhoibriú le Coiste Reachtaíochta an Rialtais chun monatóireacht agus maoirsiú a dhéanamh ar Chlár Reachtaíochta an Rialtais.	• Ullmhúchán na dtuarascálacha seachtainiúla don CRR ar Bhillí atá á ndréachtú san Oifig; • Freastal an Phríomh-Dhréachtóra Parlaiminte agus na mBainisteoirí Grúpa ag cruinnithe CRR; • Cinntiú go bhfuil oifigigh na hOifige atá ag dréachtú Billí don Roinn lena bhfuil sé/sí freagrach i láthair chomh maith, mar a bhaineann le hAirí atá ag freastal ar chruinnithe CRR.
2. Príomhthiomantais na	Géilliúlacht le tiomantais na Treorach Seirbhíse Cliant agus na

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
hOifige ina dTreoir Seirbhíse Cliant 2008 - 2010 agus Cairt Chustaiméirí agus Chliant na nDréachtóirí Parlaiminte a sheachadadh.	Cairte Custaiméirí a mheasúnú trí athbhreithnithe foirmeálta rialta agus suirbhéanna cliant débhliantúla. Dul chun cinn agus feabhas a thagarmharcáil i gcoinne suirbhéanna agus torthaí athbhreithnithe roimh seo, a dhéanann na nithe a leanas a mheas: • Éifeachtacht ó thaobh cumarsáide le Ranna Rialtais; • Sofhreagracht agus tráthúlacht maidir le dréacht-reachtaíocht a sheachadadh; • Cruinneas, cáilíocht agus comhsheasmhacht na dréacht-reachtaíochta; • Soláthar ginearálta seirbhíse agus gairmiúlacht na nDréachtóirí Parlaiminte; • Rannpháirtíocht na roinne maidir le soláthar seirbhíse; • Feabhsúcháin bainte amach thar thréimhsí idirlinne.
3. Comhoibriú leis an Abhcóide Comhairleach i láimhseáil na gcomhad reachtaíochta.	• Monatóireacht agus athbhreithniú ar Thuarascáil Ghrúpa Rialaithe Cáilíochta na Reachtaíochta; • Coinneáil le feabhas leanúnach ar fheidhmiú agus forbairt an chórais bainistíochta cásanna agus taifead, agus úsáid an chórais i láimhseáil na hoibre dlí ar fad.
4. Forbairt leanúnach ar bhainistíocht an eolais.	• Scaipeadh faisnéise agus eolais i measc dhréachtóirí; • Comhoibriú leis an Abhcóide Comhairleach i roinnt na faisnéise agus an tsaineolais.
5. Beartas bainistíochta riosca a fhorfheidhmiú, mar a bhaineann le Dréachtóirí Parlaiminte.	• Aiseolas a sholáthar don Phríomh-Dhréachtóir Parlaiminte, na Coistí Comhairleacha Bainistíochta agus don Ard-Aighne ar réimsí suntasacha riosca; • Straitéisí Bainistíochta Riosca na hOifige a leabú, a chuimsíonn athbhreithnithe rialta foirmeálta ar Chlárlanna Grúpa agus Riosca Corparáidigh; • Aontú agus monatóireacht a dhéanamh ar chloí le beartais, prótacail agus sreafaí oibre na hOifige.
6. A beith rannpháirteach i bhforbairt na Bainistíochta Airgeadais san Oifig le seachadadh na n-aschur a chinntiú de réir Ráitis Bliantúil Aschur na hOifige agus le luach ar airgead a chinntiú.	• Monatóireacht a dhéanamh ar ionchuir agus ar sheachadadh na n-aschur dréachtaithe i gcomhthéacs Chláir na nDréachtóirí Parlaiminte maidir le Ráiteas Bliantúil Aschur na hOifige; • Pleanáil agus dáileadh na n-acmhainní ag féachaint do threochtaí sna hualaigh oibre, castacht agus toirt na hoibre.
7. Pleanáil do sheachadadh Cláir Reachtaíochta an	• Athbhreithniú bliantúil ar na seirbhísí dréachtaithe le fionnadh cén athruithe, más ann dóibh, gur chóir a dhéanamh sa mhodh seachadta nó sa bhainistíocht

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
Rialtais, i gcomhar le Coiste Reachtaíochta an Rialtais.	eagrúcháin; • Monatóireacht a dhéanamh agus freagairt ar cheisteanna atá ag teacht chun cinn, a bhaineann le dréachtú reachtaíochta.

Cuspóir 2

Straitéis Acmhainní Daonna na hOifige a fhorfheidhmiú, mar a bhaineann le Dréachtóirí Parlaiminte.

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Earcaíocht, oiliúint agus forbairt na nDréachtóirí Parlaiminte nua.	• Cead oiriúnach na Roinne Airgeadais a lorg agus Dréachtóirí Parlaiminte a earcú mar is cuí; • Ionduchtú na hOifige ar iontrálaithe nua na nDréachtóirí Parlaiminte a athbhreithniú; • Cruinnithe rialta le dréachtóirí a earcaíodh le déanaí a thionól, maoirsiú a dhéanamh orthu agus aiseolas rialta a thabhairt dóibh ar chúrsaí dréachtaithe; • Cuntas oiliúna na ndréachtóirí parlaiminte a earcaíodh le déanaí le hullmhú agus iad coinnithe suas chun dáta agus coinnithe faoi athbhreithniú ag an mBainisteoir Grúpa ar bhonn rialta.
2. Clár oiliúna ábhartha don Dréachtóir Parlaiminte a fhorfheidhmiú.	• Clár ODP a fhorfheidhmiú maidir le hoiliúint agus forbairt bhreise/leanúnach.
3. Feidhmiú ceart an PMDS a chinntiú don bhfoireann OPC.	• Tosaíochtaí forbartha & oiliúna comhtháite PMDS agus Acmhainní Daonna a fhorfheidhmiú; • Athbhreithniú bliantúil do bhaill uilig na nGrúpaí speisialaithe ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna a bhaint amach i gcúrsaí PMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta), oideachais, oiliúna, forbartha.

Cuspóir 3

Cuidiú le comhardú seirbhísí dlí an Stáit

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Cuir leis am bpróiseas leanúnach maidir le hAchtanna an Oireachtais a dhéanamh níos inrochtana agus níos éasca le táirgeadh.	• Comhoibriú le foireann Thithe an Oireachtais ar fhormáidiú na mBillí; • Comhairliúchán leanúnach le Tithe an Oireachtais a chinntiú maidir le comhoibriú ar tháirgeadh Achtanna an Oireachtais; • Rannpháirtíochta i dtionscnaimh chomhoibríocha a spreagann inrochtaineacht agus comhleanúnachas Leabhair Reachta na hÉireann i bhfoirm leictreonach.
2. Cuir le seirbhís phoiblí éifeachtach trí chúnamh a thabhairt le comhordú seirbhísí dlí an Stáit.	• Bainistíocht tionscadal leanúnach atá éifeachtach a chinntiú ar Thionscadal Athbhreithnithe an Dlí Reachtúil, i gcomhthéacs an chláir oibre um Rialachán Níos Fearr; • Comhoibriú leanúnach a chinntiú le an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí in gcuid ullmhúcháin ar athráitis sa todhchaí, agus Táblaí Croineolaíocha maidir le Reachtanna; • Comhoibriú leis na comhairleoirí dlí sna Ranna maidir le tabhairt chun críche na bPríomhranna Billí; • Rannpháirtíocht leanúnach i seachadadh na gcúrsaí oiliúna oiriúnacha do Státseirbhís ar an bpróiseas reachtaíochta.

3.3 Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit

Sprioc 3

Seirbhís aturnae ardchaighdeáin speisialaithe a sheachadadh don Ard-Aighne, na Ranna agus na hOifigí i réimsí na dlíthíochta, agus comhairle dlí speisialaithe den scoth a sholáthar agus ar chúrsaí áitreabh agus idirbheartaíochta.

Cuspóir 1

Dea-chleachtas a úsáid i soláthar na seirbhísí dlí, le tacaíocht ó úsáid na teicneolaíochta faisnéise agus eolas den scoth agus tuiscint an chleachtais dlí.

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Príomhthiomantais na hOifige ina bPlean Gníomhaíochta Custaiméirí 2008 - 2010 agus ina gCairt Chustaiméirí a sheachadadh.	Géilliúlacht le tiomantais an Phlean Gníomhaíochta Custaiméirí agus na Cairte Custaiméirí a mheasúnú trí athbhreithnithe foirmeálta rialta agus suirbhéanna cliant débhliantúla. Dul chun cinn agus feabhas a thagarmharcáil i gcoinne suirbhéanna agus torthaí athbhreithnithe roimh seo, a dhéanann na nithe a leanas a mheas: • Caidreamh agus Tuiscint; • Caighdeán Seirbhíse; • Sofhreagracht; • Cáipéisíocht; • Aiseolas; • Gearáin; • Seirbhís trí Ghaeilge; • Rochtain Fhisiciúil.
2. Comhoibriú dlúth a chothabháil le hOifig an Ard-Aighne agus comhairleoirí dlí na roinne maidir le láimhseáil na hoibre dlí.	• Comhordú a léiriú le comhairleoirí dlí i Ranna Rialtais, Binsí Fiosrúcháin agus Fiosrúcháin agus Oifigí Stáit eile le cruinnithe athbhreithnithe rialta; • Coinneáil le feabhas leanúnach ar fheidhmiú agus forbairt an chórais bainistíochta cásanna agus taifead, agus úsáid an chórais i láimhseáil na hoibre dlí ar fad.
3. Forbairt leanúnach ar bhainistíocht an eolais.	• Cuir le cruinnithe ar cheisteanna dlí agus a bheith rannpháirteach iontu. • Cuimsiú leanúnach na ndoiciméad ábhartha ar chórais fios gnó; • Leanúint le roinnt na faisnéise agus an tsaineolais ag cruinnithe Rannáin agus Rannóige.

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
4. Beartais bainistíochta riosca na hOifige a fhorfheidhmiú.	• Soláthar faisnéise do Phríomh-Aturnae an Stáit agus Coiste Comhairleach Bainistíochta CSSO agus Oifig an Ard-Aighne ar réimsí suntasacha riosca; • Straitéisí Bainistíochta Riosca na hOifige a leabú, a chuimsíonn athbhreithniú rialta foirmeálta ar Chlárlanna Riosca agus Riosca Corparáidigh dlíthiúla; • Leanúint le forbairt agus athbhreithniú an chórais chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhaid dlí atá íogair; • Cuir leis an Tuarascáil chun an Rialtais faoi thrí go bliantúil ar dhlíthíocht íogair; • Aontú agus monatóireacht a dhéanamh ar chloí le beartais, prótacail agus sreafaí oibre na hOifige.
5. A beith rannpháirteach i bhforbairt na Bainistíochta Airgeadais san Oifig le seachadadh na n-aschur a chinntiú de réir Ráitis Bliantúil Aschur na hOifige agus le luach ar airgead a chinntiú.	• Monatóireacht a dhéanamh ar ionchuir agus ar sheachadadh na n-aschur trasna raon de thascanna dlí roghnaithe i gcomhthéacs an chláir CSSO maidir le Ráiteas Bliantúil Aschur na hOifige; • Pleanáil agus dáileadh na n-acmhainní ag féachaint do threochtaí sna hualaigh oibre agus castacht agus toirt na hoibre; • Le AGO, monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an gcaighdeán seirbhíse atá soláthraithe ag an abhcóide seachtrach; • Beartas de bhailiúchán costas dlí a fhorfheidhmiú, áit a bhronntar agus ina bhfuil a leithéidí inmharthana; • Athbhreithniú ar chleachtais na hOifige ar chánachas na gcostas ag teacht le Tuarascáil Ghrúpa Oibre na gCostas Dlí (Tuarascáil Haran).
6. Pleanáil don todhchaí do sheirbhísí dlí CSSO.	• Athbhreithniú bliantúil ar na seirbhísí dlí atá soláthraithe agus gníomhaíochtaí eile le fionnadh cé na hathruithe, más ann dóibh, gur chóir a dhéanamh sa mhodh seachadta nó sa bhainistíocht eagrúcháin; • Monatóireacht a dhéanamh agus freagairt ar cheisteanna dlí atá ag teacht chun cinn.

Cuspóir 2

Straitéis Acmhainní Daonna na hOifige a fhorfheidhmiú, a bhaineann le foireann dlí CSSO.

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Earcaíocht, oiliúint agus forbairt na foirne dlí CSSO nua.	• Cead oiriúnach na Roinne Airgeadais a lorg agus foireann dlí a earcú mar is cuí; • Soláthar an ionduchtaithe leormhaith a chinntiú d'iontrálaithe dlí nua; • Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn leanúnach ar riachtanais shonracha oiliúna agus forbartha don bhfoireann dlí nua.
2. Clár oiliúna straitéisigh ar cheisteanna dlí a fhorbairt agus a fhorfheidhmiú.	• Clár CSSO a fhorfheidhmiú agus a fhorbairt maidir le hoiliúint agus forbairt straitéiseach bhreise/leanúnach a chur i gcrích.
3. Feidhmiú ceart an PMDS a chinntiú mar a bhaineann leis an bhfoireann dlí.	• Tosaíochtaí forbartha & oiliúna comhtháite PMDS agus Acmhainní Daonna a fhorfheidhmiú; • Athbhreithniú bliantúil do bhaill uilig na Rannán agus na Rannóga nGrúpaí speisialaithe ar dhul chun cinn i dtreo spriocanna a bhaint amach i gcúrsaí PMDS (Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta), oideachais, oiliúna agus forbartha.

Cuspóir 3

Cuidiú le comhardú seirbhísí dlí an Stáit

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Cuir le seirbhís phoiblí éifeachtach trí chúnamh a thabhairt le comhordú seirbhísí dlí an Stáit.	• Comhordú a léiriú le comhairleoirí dlí i Ranna Rialtais, Binsí Fiosrúcháin agus Fiosrúcháin agus Oifigí Stáit eile le cruinnithe athbhreithnithe rialta; • Athbhreithniú agus breisiú a dhéanamh ar an gcóras chun éascú agus comhordú a dhéanamh ar an gcur chuige maidir le dlíthíocht intíre agus ECJ.

2. Seirbhísí dlí a sholáthar don Rialtas i bhforfheidhmiú na mbeartas dlíthíochta agus na scéime cúitimh agus i láimhseáil na gceisteanna tras-Rannach.	• Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre idir-rannach agus coistí ar cheisteanna tras-Rannach, a chuimsíonn forfheidhmiú na mbeartas tras-Rannach mar a thagann siad aníos; • Leanúint ag déanamh ionadaíochta ar son an Ard-Aighne ar Choistí Rialacha na Cúirte agus ar Ghrúpa Úsáideoirí na Seirbhíse Cúirteanna.

3.4 Seirbhísí Tacaíochta Gnó

Sprioc 4

Seirbhísí tacaíochta gnó agus corparáidigh atá nua-aoiseach agus gairmiúil a sholáthar, a dhéanann seirbhís den scoth a sheachadadh do chliaint agus custaiméirí inmheánacha agus seachtracha.

Cuspóir 1

Bainistíocht acmhainní daonna a fhorbairt chun tacú le cuspóirí foriomlána na hOifige, agus chun an fheidhm oiliúna agus forbartha a fhorbairt laistigh de na hOifigí féin.

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Straitéisí Acmhainní Daonna Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO 2008 – 2010 a fhorfheidhmiú.	• Straitéisí Acmhainní Daonna Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO curtha i bhfeidhm; • Pleananna Gníomhaíochta Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO curtha i bhfeidhm maidir lena straitéis Acmhainní Daonna.
2. Modheolaíocht sonraithe earcaíochta agus roghnúcháin a athbhreithniú agus a fhorbairt chun feabhas a chur ar ábaltacht na hOifige i Sráid Mhuirfean agus CSSO iarrthóirí ard-acmhainneacha oiriúnacha a mhealladh, a roghnú agus a choinneáil.	• Na príomhscileanna agus inniúlachtaí atá aitheanta do na baill foirne ar fad sa dá Oifig a athbhreithniú i gcomhar leis na Grúpaí/Rannáin/Rannóga/Aonaid Ghnó mar is cuí; • Úsáid leanúnach na tástála foirmeálta um inniúlacht agus ábaltacht tugtha isteach in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO; • Oiliúint agus ionduchtú déanta ar bhaill foirne nua in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh de 2 mhí

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
	dóibh tosú ar an bpost; • Anailís a dhéanamh ar shocruithe oibre aitíopúla do bhaill foirne laistigh d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO, agus beartas cuí a réadtiomnú/a fhorbairt.
3. Straitéisí Oiliúna & Forbartha atá cuimsitheach a fhorbairt sa dá Oifig chun déileáil le riachtanais sna trí bliana amach romhainn. Straitéis le cláracha forbartha bainistíochta a chuimsiú.	• I gcomhar leis na bainisteoirí sinsearacha, anailís ar scileanna foirne, faisnéis agus ar an taithí atá de dhíth ag gach rannán sna hOifigí, lena gcuid oibre reatha agus ionchais a chur i gcrích; • Leagan amach i bhfoirm straitéise conas gur féidir na scileanna a dháileadh ar an mbealach is éifeachtaí ar iontrálaithe nua, agus forbairt bhreise a dhéanamh ar fhoireann a bhfuil taithí níos mó acu; • Mar chuid de dhoiciméid na Straitéise, Pleananna Gníomhaíochta le cinntiú go bhfuil cuspóirí na Straitéise á mbaint amach; • Clár Foirmeálta Bainistíochta Forbartha d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO forfheidhmithe; • Cinntiú go bhfuil riachtanais forbartha agus oiliúna straitéiseacha na n-Oifigí á sroicheadh tríd an gCóras Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS); • Athbhreithniú eatramhach a chomhlíonadh ag deireadh 2008 chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le haidhmeanna na straitéise.
4. Forbairt bhreise agus feabhsú ar chóras TF na n-Acmhainní Daonna.	• Athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais Bainistíochta Acmhainní Daonna sa dá Oifig; • Tuarascálacha bainistíochta atá oiriúnach a fhorbairt.
5. Cóiríocht oiriúnach a sholáthar don bhfoireann ar fad.	• I gcomhthéacs athbhreithnithe rialta na riachtanas Oifige, cóiríocht bhreise oiriúnach a aithint d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO trí chomhairliúchán leanúnach le húdarás oiriúnach; • Cothabháil leanúnach ar an spás oifige reatha; • Athbhreithniú bliantúil ar an Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta agus ar Phleananna Leanúnachais Gnó; • Inrochtaineacht chuig, agus slándáil na bhfoirgneamh ar fad, coinnithe faoi athbhreithniú.
6. Leanúint le hathbhreithniú agus forbairt an phróisis	• Athbhreithniú bliantúil ar an bpróiseas Comhpháirtíochta stiúrtha sa dá Oifig.

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
Comhpháirtíochta.	
7. Athbhreithniú ar fheidhmiú an Ionaid Cáipéisíochta CSSO.	• Athbhreithniú comhlánaithe.

Cuspóir 2

Próisis bainistíochta airgeadais a fhorbairt a rialaíonn agus a dhéanann monatóireacht ar acmhainní airgeadais na hOifige le seachadadh na n-aschur agus luach ar airgead a chinntiú

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Eilimintí an Phlean Tionscadail do Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta a fhorfheidhmiú in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO.	• Creatlach na Faisnéise Bainistíochta iomlán leabaithe agus úsáid na feidhmiúlachta iomláine den gCóras Bainistíochta Airgeadais bainte amach in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO; • Úsáid leanúnach ar thuairisciú staitisticiúil le n-úsáid i dTuairisciú Bainistíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO le hathbhreithniú ag Coistí na hOifige ábhartha; • Tuarascálacha Bainistíochta Feabhsaithe úsáidte in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO; • Creatlach Costála úsáidte in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO i gcomhar le tionscadal RAB agus Tuairiscí Costála tosaigh ag baint úsáide as faisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais curtha i gcrích; • Múnlaí RAB le nuashonrú go bliantúil; • Ráitis Aschur Bliantúil curtha faoi bhráid na Dála.
2. Acmhainneacht na hOifige a chothabháil maidir le feidhmiú an Chórais Bainistíochta Airgeadais (FMS) (Agresso).	• Príomhscileanna a bheith i réim chun acmhainneacht na hOifige a chothabháil maidir le feidhmiú éifeachtach an Chórais Bainistíochta Airgeadais; • Géilliúlacht leis an riachtanas reachtúil chun Cuntas Leithreasa Bliantúil a chur faoi bhráid; • Íoslaghdú ar íocaíocht úis agus an chúitimh de réir reachtaíochta um Íoc Pras, nuair is cuí, agus tuairiscithe mar atá oiriúnach.
3. Athbhreithniú bliantúil ar mholtaí Thuarascáil Mullarkey ar chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na nOifigeach	• Athbhreithniú bliantúil cinn bhliana ar nósanna imeachta airgeadais inmheánacha in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO agus fioraithe ag Coiste Iniúchta chun monatóireacht agus rialú a chinntiú ar gach ioncam

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
Cuntasaíochta in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh de thréimhsí ama atá leagtha síos.	agus caiteachas trí chórais éifeachtúla agus éifeachtacha; • Beartas Riosca, Clárlanna Riosca do Ghrúpaí/Rannáin/ Beartas Riosca agus Clárlanna Riosca Corparáidigh athbhreithnithe in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO gach dhá bhliain ag Coiste Riosca agus tuairiscithe ag dtí Príomh MAC, MAC áitiúla agus Coiste Iniúchóireachta; • Clár Bliantúil Iniúchta Inmheánaigh d'Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO comhaontaithe ag Coiste Iniúchóireachta. Iniúchtaí comhlíonta agus moltaí forfheidhmithe laistigh de thréimhsí ama socraithe; • Tuarascáil Bhliantúil chuig an gCoiste Iniúchóireachta ar fhorfheidhmiú Oifigí na dTuarascálacha Iniúchóra; • Cláir Athbhreithnithe Luach ar Airgead in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO curtha i bhfeidhm. Athbhreithnithe comhlíonta, athbhreithnithe go seachtrach agus foilsithe.

Cuspóir 3

Córais Teicneolaíochta Faisnéise a fhorfheidhmiú chun tacú le gach imeacht ghairmiúil, idirbheartaíochta, bainistíochta agus seachadta seirbhíse de chuid na hOifige.

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Forbairt bhreise ar Chóras Bainistíochta Cásanna agus Taifead na hOifige chun cinntiú go dtugann sé tacaíocht don Oifig ina riachtanais straitéiseacha agus oibríochtúla.	• Úsáid uasmhéide a bhaint amach in Oifigí an chórais do gach réimse gnó; • Measúnú an aiseolais ón bhfoireann ar réimsí inar féidir an córas a fheabhsú; • Forfheidhmiú na bhfeabhsuithe faofa
2. Forbairt bhreise ar an gCóras Bainistíochta Airgeadais chun cinntiú go dtugann sé tacaíocht don Oifig i mbainistíocht na feidhme airgeadais acu agus i riachtanais na bainistíochta eolais.	• Úsáid uasmhéide a bhaint amach in Oifigí an chórais do gach réimse gnó; • Measúnú an aiseolais ó fhoireann na hOifige ar réimsí inar féidir an córas a fheabhsú; • Forfheidhmiú na bhfeabhsuithe faofa
3. Córais TF oiriúnacha a fhorfheidhmiú chun tacú le Straitéis Bainistíochta Eolais na hOifige i Sráid Mhuirfean agus	• Sainiú na riachtanas gnó don chóras; • Forfheidhmiú na gcóras oiriúnach fios gnó chun na

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
CSSO.	riachtanais aitheanta a shásamh.
4. Straitéis nua TF a fhorbairt don Oifig.	• Straitéis TF nua a fhorfheidhmiú, atá comhtháite le cuspóirí gnó na hOifige.
5. Ailtireacht theicniúil na hOifige a choinneáil faoi athbhreithniú agus a chinntiú go leantar le bunchloch láidir a sholáthar do sheachadadh na Seirbhísí TF in Oifig Shráid Mhuirfean agus OPAS.	• Measúnú déanta ar TF agus deiseanna feabhsúcháin tapaithe.

Cuspóir 4

Clár Nuachóirithe a fhorfheidhmiú a thacaíonn le gnóthú Spriocanna na hOifige agus atá gaolmhar le Clár Nuachóirithe na Státseirbhíse.

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Tiomantais aontaithe atá leagtha síos i bPleananna Gníomhaíochta Nuachóirithe a fhorfheidhmiú in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO laistigh de thréimhsí ama atá aontaithe.	• Dul chun cinn tuairiscithe i dTuarascáil ar Dhul Chun Cinn in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO ag teacht le spriocanna ama lárnacha agus fioraithe go seachtrach ag Grúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse; • Moltaí Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse gníomhaithe agus forfheidhmithe roimh Thuarascáil ar Dhul Chun Cinn ó Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO a bheith curtha faoi bhráid ina dhiaidh sin.
2. Seachadadh ar mhórthiomantais seachadta na hOifige mar atá leagtha amach sna Cairteanna Cliant agus Custaiméirí agus sa Treoir Seirbhísí Cliant 2008 agus Plean Gníomhaíochta Custaiméirí 2008 - 2010.	• Leibhéil sásúlachta cliant agus custaiméirí in Oifig Shráid Mhuirfean (taobhann Abhióide Comhireacha agus Riaracháin) tomhaiste trí chruinnithe bliantúla an Phainéil Cliant agus Custaiméirí; • Leibhéil sásúlachta na gcliant agus an chustaiméara tomhaiste trí shuirbhéanna bliantúla na gcliant agus an chustaiméara ar leith in Oifig Shráid Mhuirfean agus CSSO.
3. Tabhairt faoi athbhreithniú eagrúcháin atá cuimsitheach i gcomhthéacs an Chláir Athbhreithnithe Eagrúcháin.	• Athbhreithniú agus Plean Gníomhaíochta comhlánaithe chun moltaí a chur i bhfeidhm, agus forbartha agus forfheidhmithe laistigh de thréimhse ama atá socraithe.
4. Cinntiú go bhfuil cliaint stiúrtha chuig pointí oiriúnacha rochtana agus tagartha maidir	• Tuarascálacha Bliantúla foilsithe do 2008, 2009 agus 2010 agus curtha ar fáil i bhformáidí inrochtana;

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
le faisnéis ar an Oifig.	• Monatóireacht, athbhreithniú agus nuashonrú rialta déanta ag Grúpa Oibre go foirmeálta ar an láithreán gréasáin; • An oifig ag teacht lena n-oibleagáidí de réir na n-Achtanna um Shaoráil Faisnéise agus an Achta um Chosaint Sonraí.

Cuspóir 5

Rochtain a sholáthar don fhoireann ar an eolas agus ar an bhfaisnéis is gá chun seirbhís d'ardchaighdeán a sheachadadh, trí fhorbairt straitéiseach na faisnéise agus na bainistíochta eolais.

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Cur chuige comhordaithe a bhunú maidir le heagrú na faisnéise ar fud na hoifige agus na bainistíochta eolais.	• Athbhreithniú agus forfheidhmiú na straitéisí maidir le forbairt na bainistíochta eolais san AGO agus CSSO; • An gá le téasaras AGO/CSSO tacsanomaíochta/ar fud na oifige a fhorbairt chun tacú le heochair-fheidhmeanna gnó; • Saineolas gairmiúil a thabhairt ar fhorbairt leanúnach na gcomhad-phleananna AGO/CSSO.
2. Réitigh oiriúnacha teicniúla a aithint agus a fhorfheidhmiú chun seirbhísí leabharlainne, taighde agus fios gnó a sholáthar do gach úsáideoir.	• Athbhreithniú a dhéanamh ar réiteach e-iriseáin AGO/CSSO/OPC le cinntiú go bhfuil sé ag teacht le riachtanais na n-úsáideoirí; • Nósanna imeachta fios gnó AGO/CSSO a athbhreithniú. Bunachair sonraí fios gnó AGO agus CSSO atá oiriúnach a roghnú agus a fhorfheidhmiú; • Córas Bainistíocht Leabharlainne roinnte AGO/CSSO/An Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais a athbhreithniú d'fhonn forbairt an Chórais Bainistíochta Leabharlainne sa todhchaí a phleanáil. Forbairtí riachtanacha ar bith nó feabhsúcháin ar an gcóras a phleanáil/a fhorfheidhmiú. • Leanúint ag tacú agus ag forbairt leis an leibhéal agus raon seirbhísí atá ar fáil don Abhcóide Comhairleach atá ar iasacht chuig Ranna agus Oifigí Rialtais; • Athbhreithniú ar leibhéal na seirbhísí leabharlainne agus taighde atá soláthraithe do dhlíodóirí seachtracha

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
	an Rialtais.
3. Athbhreithniú ag forfheidhmiú ar thaighde bhreise agus ar sheirbhísí fios gnó	• Leanúint le monatóireacht ar réimsí méadaithe speisialaithe sna hOifigí, agus a chinntiú go gcuireann an leabharlann, cúrsaí taighde agus seirbhísí fios gnó na méaduithe seo in iúl; • Athbhreithniú ar leibhéil agus struchtúir an tsoláthair foirne atá de dhíth chun seirbhísí taighde speisialaithe a sheachadadh; • Na pobail chleachtais a aithint in eochair-réimsí dlí agus tacaíocht a thabhairt dóibh seo trí sheirbhísí taighde nuair atá a leithéidí riachtanach. • Bearta a aithint chun tacú le forbairt na scileanna taighde neamhspleáigh maidir le dlíodóirí, a chuimsíonn athbhreithniú ar na huirlisí oiriúnacha ríomhfhoghlama. • Deiseanna a aithint chun comhoibriú leis na hAonaid Oiliúna & Forbartha agus na hAonaid TF, chun cur chuige a chomhordú maidir le soláthar oiliúna & foghlama sna hOifigí; • Tionscnaimh oideachasúla/oiliúna na leabharlainne agus fios gnó a ionchorprú sna straitéisí oiliúna eagrúcháin.
4. Timpeallacht fhisiciúil a sholáthar atá oiriúnach le rochtain ar ár mbailiúcháin priontaí agus ar shaoráidí an tseomra léitheoireachta a uasmhéadú	• Athbhreithniú ar leagan amach na mbailiúchán priontaí; • Athbhreithniú ar bheartas forbartha na mbailiúchán le cinntiú go leantar ag sásamh riachtanais na n-Oifigí.

Cuspóir 6

Feidhm na Clárlainne agus na dTaifead a chothabháil agus a fhorbairt chun tacú le réimsí dlí, dréachtaithe agus riaracháin na hOifige.

Straitéisí	Táscairí Feidhmíochta
1. Riaracháin agus cothabháil ionaid taifead atá éifeachtach	• Comhaid dlí agus riaracháin araon, dúnta go leictreonach agus comhaid fhisiciúla stóráilte ar

agus córas comhdúcháin.	bhealach oiriúnach le cuir i gcartlann ina dhiaidh sin; • Cloí le hoibleagáidí na n-Oifigí de réir an Achta um Chartlann Náisiúnta.
2. Forbairt ar straitéis sonraí/staitisticiúil maidir leis na hOifigí.	• Sonraí oiriúnacha staitisticiúla a tháirgeadh le húsáid i gcúrsaí bainistíochta agus tuarascálacha eile.

Caibidil 4 Monatóireacht agus Tuairisciú ar Fhorfheidhmiú

Déanfaidh an Oifig monatóireacht chórasach agus athbhreithniú le linn saolré an Ráitis Straitéise seo ar a feidhmíocht agus ar an dul chun cinn a bheidh á dhéanamh maidir le baint amach na gcuspóirí ardleibhéil agus na gcuspóirí agus na straitéisí bainteacha eile. Tá táscairí feidhmíochta idir cháilíochtúla agus chainníochtúla ceaptha ar féidir iad a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú na hOifige le linn na tréimhse seo.

Ní mór go mbeidh dúthracht agus tiomantacht ar gach leibhéal den eagraíocht chun na cuspóirí a chur i bhfeidhm go rathúil. Déanfaidh an Príomh MAC agus na MAC anna áitiúla athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéise dhá uair sa bhliain ar a laghad, d'fhonn monatóireacht a dhéanamh ar a fhorfheidhmiú. Déanfar na Pleananna Gnó a fhorbairt ar leibhéal an Ghrúpa dlí, Rannán, Rannóg agus Aonad Gnó riaracháin is leagfaidh siad amach clár bliantúil gníomhaíochtaí chun straitéisí a chur i bhfeidhm agus cuspóirí a bhaint amach. Bainfear leas as na Pleananna Gnó seo mar bhunús chun cláir oibre faoi a leith a cheapadh do bhaill na foirne ina róil oibre PMDS. Déanfar athbhreithniú gach bliain ar ár bPleananna Gnó agus beidh ár bhfoireann in ann breathnú ar straitéis agus ar phleanáil mar obair leanúnach. Sa chaoi sin beidh an Oifig in ann freagra so-lúbtha a thabhairt ar chúrsaí timpeallachta atá ag athrú i gcónaí.

Glacfaidh an Oifig le bealaí eile chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm ár Ráiteas Straitéise. Ina measc siúd beidh:

- Tuarascálacha Bliantúla na hOifige a dhéanfaidh cur síos ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le baint amach ár gcuspóirí, spriocanna agus straitéisí;
- Ráitis Bhliantúla Aschur a chuirfear ar fáil ag an am céanna leis na Meastacháin bhliantúla, ag nascadh an Ráiteas Straitéise, pleanáil gnó agus leithroinnt acmhainne sna Meastacháin le haschuir agus thorthaí agus measúnú feidhmíochta;
- Coistí Comhpháirtíochta san dá Oifig;
- Déanfaidh Iniúchóir Inmheánach na hOifige agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú ar bhaint amach gnéithe áirithe den Ráiteas Straitéise;
- Athbhreithniú eagrúcháin a dhéanfar i gcomhthéacs an Chláir Athbhreithnithe Eagrúcháin chun cumas na hOifige a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach agus le cabhrú le lucht bainistíochta aghaidh ag thabhairt ar riachtanais na hOifige sa todhchaí;
- Clár tagarmharcála a dhéanfar ag cur na hOifige i gcomparáid le heagraíochtaí cosúla ar fud an domhain;
- Athbhreithnithe a dhéantar laistigh de na hOifigí maidir le luach a fháil ar airgead;
- An Clár Bainistithe Riosca;

- Creatlach na Faisnéise Bainistíochta;
- Aiseolas na gcliant, idir aiseolas foirmiúil a fhaightear i gcomhthéacs cruinnithe bliantúla an Phainéal Cliaint agus Custaiméara agus ó shuirbhéanna a dhéantar gach dara bliain agus go neamhfhoirmiúil ag na cruinnithe athbhreithnithe a bhíonn ann go rialta leis na cliaint, agus
- Go dtabharfar faomhadh i gcónaí do na dTuarascálacha ar Dhul Chun Cinn a chuirfear faoi bhráid Ghrúpa Fíoraithe Feidhmíochta na Státseirbhíse mar chuid de *I dTreo 2016* agus i gcás aon socrú tuairisce eile a dhéanfar ina dhiaidh sin.

AGUISÍN I

FREAGRACHTAÍ AN ARD-AIGHNE

- Bíonn an tArd-Aighne i láthair ag cruinnithe an Rialtais mar chomhairleoir dlí an Rialtais. Tugann an tArd-Aighne comhairle don Rialtas faoi gach ceist bhunreachtúil nó dlí a thagann chun cinn ag cruinnithe Rialtais nó a bhaineann leo, lena n-áirítear ceisteanna ar nós an sásaíonn reachtaíocht atá á mholadh forálacha an Bhunreachta, Achtanna agus Comhaontaithe an Aontais Eorpaigh nó aon Chomhaontú idirnáisiúnta eile a bhfuil Éire tar éis aontú dó. Tugann an tArd-Aighne comhairle freisin ag insint an féidir leis an Stát comhaontaithe agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta a dhaingniú.
- Glacann an tArd-Aighne páirt sna himeachtaí sin go léir ina dtugtar dúshlán bunreachtúil do reachtaíocht agus cosnaíonn sé gach reachtaíocht ó thaobh an Bhunreachta de.
- Cosnaíonn an tArd-Aighne Bunreachtúlacht na mBillí sin a chuirtear faoi bhráid na Cúirte Uachtaraí faoi Airteagal 26 den Bhunreacht.
- Is é an tArd-Aighne ionadaí an Stáit in imeachtaí dlíthiúla a bhaineann leis an Stát.
- Is é an tArd-Aighne ionadaí an phobail in imeachtaí dlíthiúla maidir le forfheidhmiú an dlí agus dearbhú nó cosaint cearta an phobail.
- Tá feidhm ag an Ard-Aighne maidir le treoir a thabhairt nó gan a thabhairt i gcás iarratas áirithe eiseachadta faoi Chuid III den Acht um Eiseachadadh, arna leasú.
- Tugann an tArd-Aighne comhairle don Aire Airgeadais maidir le heastáit eiséataithe.
- Ta ról cosantach ag an tArd-Aighne maidir le charthanas agus go mór mór má bhíonn athruithe á bheartú maidir le haidhmeanna carthanais. Tá ról cosantach ag an tArd-Aighne faoin reachtaíocht reatha maidir le carthanas agus go mór mór i gcás athruithe maidir le haidhmeanna carthanais. D'fhéadfadh sé tarlú go n-achtófar An Bille Carthanas 2007 le linn tréimhse an Ráitis Straitéise seo agus go gceapfar rialaitheoir neamhspleách carthanais agus go n-aistreofar feidhmeanna reachtúla an Ard-Aighne chuige/chuici.
- Tá feidhmeanna áirithe ionchúisithe ag an Ard-Aighne fós faoin Acht Iascaigh (Leasú), 1978, mar shampla, ag feitheamh lena n-aistriú go hOifig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí faoi réir an Acht um Iascaigh Mhara agus Dlínsí Mara 2006.
- Tá feidhm reachtúil ag an Ard-Aighne cinneadh a dhéanamh ar chóir barántais faoi na hAchtanna um Eiseachadadh 1965 go 1994 a fhormhuiniú agus tugann sé comhairle i gcásanna eiseachadta.
- Tá feidhmeanna ag an Ard-Aighne maidir leis an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí faoi Acht an Choimisiúin um Athchóiriú an Dlí 1975.
- Tá feidhmeanna ag an Ard-Aighne maidir le ceapadh clár reachtaíochta agus is ball de Choiste Reachtaíochta an Rialtais é a bhfuil Príomh-Aoire an Rialtais ina chathaoirleach air.
- Tá feidhmeanna ag an Ard-Aighne faoi scéim an Ard-Aighne. (Scéim neamh-reachtúil í seo trína chuireann an tArd-Aighne maoiniú ar fáil le haghaidh imeachtaí áirithe dlí nach bhfuil cabhair dlí ag dul dóibh).

Tá an tArd-Aighne freagrach as feidhmiú mar dhlíodóir don Stát i beagnach gach dlíthíocht sibhialta ina bhfuil an Stáit, nó a chuid oifigeach ar a gcáil oifigiúil, páirteach (ach amháin formhór na gcásanna díobháileacha pearsanta a tharmligtear chuig an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoin Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

(Leasú) 2000). Is é an Stát an cosantóir de ghnáth sna hÉilimh sin a mbíonn páirt ag an Ard-Aighne iontu.

Bíonn páirt ag an Ard-Aighne le dlíthíocht i ngach cúirt sa Stát, i gCúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach (Lucsamburg), i gCúirt Chéadchéime na gComhphobal Eorpach (Lucsamburg) agus Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine (Strasbourg). Cuireann an tArd-Aighne comhairle dlí ar fáil agus bíonn sé páirteach i bpléadáil scríofa a réiteach i leith dlíthíochta sa dhá chúirt (agus cabhair aige scaití ó abhcóidí seachtracha). Feidhmíonn Príomh-Aturnae an Stáit mar ghníomhaire an Stáit sa Chúirt i Lucsamburg, mar chomhairleoir dlí na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus mar ghníomhaire an Stáit sa Chúirt i Strasbourg.

Tugann an tArd-Aighne treoir d'abhcóidí comhairleacha, d'aturnaetha agus d'fheidhmeannaigh dlí i gcás dlíthíochta a bhaineann leis an Stát.

Tugann na hAbhcóidí Comhairleacha comhairle agus cabhair don Ard-Aighne faoi na feidhmeanna atá aige lena n-áirítear comhairle ghinearálta agus comhairle faoi dhréacht-reachtaíocht agus cuidiú le stiúradh dlíthíochta a bhaineann leis an Stát.

Is de bhua Alt 6 d'Acht na nAirí agus na Rúnaithe 1924, agus de bharr Lámhleabhar na Comh-Aireachta agus cleachtais seanbhunaithe atá a ról ag Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte i leith an Rialtais, lena n-áirítear:

- Billí an Rialtais a dhréachtú (agus billí chun an Bunreacht a leasú san áireamh);
- ionstraimí reachtúla a dhéanann an Rialtas a dhréachtú nó na dréachtaí a cheartú;
- ionstraimí reachtúla atá le déanamh ag Aire Rialtais, Aire Stáit nó na Coimisinéirí Ioncaim a dhréachtú nó a cheartú;
- dréachtú nó a cheartú a dhéanamh, má iarrann Aire Rialtas nó Aire Stáit é sin air, ar aon ionstraim reachtúil atá le déanamh ag duine (nach Aire Rialtais é/í) nó ag eagraíocht atá údaraithe chuige sin ag an reachtaíocht, sna cásanna sin a bhfuil feidhm reachtúil ag an Aire an dréacht atá i gceist a fhaomhadh;

Is é/í an Phríomh-Dhréachtóir Parlaiminte a bhainistíonn Tionscadal Athchóirithe an Dlí Reachtúil. Athchóiriú agus comhdhlúthú an Dlí reachtúil atá i gceist anseo mar aon le cur i bhfeidhm an Chláir um Rialúchán Níos Fearr lena n-áirítear dréachtú Billí, agus athbhreithniú agus leasú reachtaíochta.

Is í feidhm Phríomh-Aturnae an Stáit gníomhú mar aturnae d'Éirinn, don Ard-Aighne, do na Ranna agus na hOifigí Rialtais. I measc na bhfeidhmeanna eile tá:

- gach tíolacadh a dhéanamh ar mhaoin an stáit, lena n-áirítear gnóthaí Thiarnaí Talún agus Tionóntaí agus gnóthaí eile a bhaineann le dlí talún;
- comhairle dlí a thabhairt faoi nithe éagsúla a chuireann an Rialtas, Ranna agus Oifigí Rialtais faoina b(h)ráid agus na doiciméid riachtanacha le dul leo a dhréachtú;
- gach ionchúiseamh a thionscnaíonn Airí nó Ranna Rialtais a ullmhú agus a chur i láthair;
- feidhmiú mar ghníomhaire an Rialtais os comhair cúirt Bhreithiúnais na hEorpa;
- gníomhú thar cheann an Stáit ag na fiosrúcháin faoi na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise) 1921 -1998 agus foireann dlí a sholáthar le feidhmiú thar cheann na mBinsí Fiosrúcháin, leas an phobail agus údaráis bhainteacha eile an Stáit;
- seirbhís aturnae a chur ar fáil i ngach cúirt shibhialta agus binse a bhfuil baint ag an Stát, nó ag aon Údarás de chuid an Stáit nó ag an tArd-Aighne leo.

- comhlíonadh na bhfeidhmeanna faoi Rialachán na Comhairle (C.E.) 1348/2000 den 29 Bealtaine, 2000 agus Coinbhinsiún na Háige, 1965, maidir le Seirbheáil Cáipéisí Breithiúnacha agus Seachbhreithiúnacha Thar Lear i gCúrsaí Sibhialta agus Tráchtála;
- ionadaíocht a dhéanamh thar cheann an Stáit agus Údarás Stáit maidir le fómhas costas os comhair máistrí fómhais;
- foireann a sholáthar do bhaill Coistí éagsúla na Rialacha Cúirte.


Cairt Eagraíochtúil
An tArd-Aighne
An Príomh-Dhréachtóir Parlaiminte
An tArd-Stiúrthóir
Príomh-Aturnae an Stáit
Rannóg na Sócmhainní
An Leas-Ardstiúrthóir
An Dréachtóir Parlaiminte
Riarachán
Abhcóidí Comhairleacha
An Rannán Comhairleach
Rannán Maoine
Rannán an Dlí Phoiblí
An Rannán Tearmainn agus Seirbhísí
An Rannán Dlí agus Cirt agus Dlí Coiteann
An Rannán Riaracháin
Grúpa 1
Grúpa 2
Grúpa 3
Ceann Riaracháin
An tAonad Bainistíochta
An tAonad Leabharlainne/Fi
An tAonad TF
An tAonad um Bainistíocht
An tAonad
An tAonad Oiliúna agus Forbartha
An tAonad Iniúchta
Oifigí
Clárlann
An tAonad Seirbhísí Corparáideacha
Grúpa A
Grúpa B
Grúpa C
Grúpa D
Grúpa E
An Rannóg Chomhairleach Speisialta
An Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt
An Rannóg Tráchtála & Bunreachtúil
An Rannóg Tearmainn
An Rannóg Dlí
Rannóg na nÉileamh
Acmhainní Daonna
An Rannóg um Dhlíthíocht an Stáit &
An Rannóg Airgeadais, Oideachais, Dlí agus Oidhreachta
Rannóg na nAthbhreithnit
An Rannóg Seirbhísí Dlí
Rannóg na nDíobhálacha
Teicneolaíocht na Faisnéise
An Rannóg Chomhairleach Ghinearálta
An Rannóg um Oibreacha Poiblí, um Shláinte agus um Leanaí
An Rannóg Cheartais &
Leabharlann & Fios Gnó
Rannóg na gConarthaí Tráchtála
Rannóg na gCuntas
Aonad na Seirbhísí Oifige
An tAonad Oiliúna agus Forbartha
Aonad na dTaifead & na Clárlainne

AGUISÍN III

Páirtithe Leasmhara

Is iad seo a leanas páirtithe leasmhara Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear Oifig na nDréachtóirí Parlaiminte don Rialtas agus Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit:-

An Rialtas
Ranna agus Oifigí lena n-áirítear Ranna a bhfuil Abhcóidí Comhairleacha ar iasacht acu

Na Cúirteanna
Coiste Reachtaíochta an Rialtais
Oifig Bhillí Thithe an Oireachtais
Oifig an Príomh-Aoire
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Coiste Chuntais Poiblí na Dála
Coistí Oireachtais
An tSeirbhís Chúirteanna
Painéil Abhcóidí
Gníomhaireachtaí Tearmann
Roinn an Taoisigh
An Roinn Airgeadais
An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí
Stiúrthóir na nIonchúiseamh Poiblí
Oifig an Aturnae Ioncaim

Oifig na nOibreacha Poiblí
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stáit
Lucht Dlí
Binsí Fiosrúcháin
Institiúidí an AE
Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa
Cúirt na hEorpa um Chearta an Duine
Gníomhaireachtaí Earcaíochta
Lucht Tacaíochta Gairmiúil Seachtrach
Gníomhaireachtaí Neamhspleácha
An Garda Síochána
An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Aguisín 4

IONADAÍOCHT NA hOIFIGE AR CHOISTÍ AGUS AR GHRÚPA OIBRE

Bord Comhairleach Oifig Náisiúnta na Leanaí

Gréasán na Rúnaithe Cúnta

Grúpa um Chothroime in Athbhreithniú an Dlí Choiriúil

An Grúpa um Rialáil Níos Fearr

Líonra Bainistíochta an Athraithe

Gréasán Oifigeach Oiliúna na Státseirbhíse

An Coimisiún um Dhaonlathas trí mheán an Dlí

An Coimisiún um Atáirgeadh Daonna Cuidithe

Grúpa Athbhreithnithe Dhlí na gCuideachtaí

Coiste Comhairleach um Athchóiriú an Dlí

Comhairle Chomhairleach na dTomhaltóirí

Cumann na nDlíodóirí Corparáide agus Poiblí

Coiste Chomhairle na hEorpa um an Dlí Riaracháin

Coiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa ar Dhlí an Teaghlaigh

Coistí na Rialacha Cúirte

Fóram na Seirbhíse Cúirteanna

Grúpa Úsáideoirí na Seirbhíse Cúirteanna

Coiste na Cúirte Achomhairc

An Coiste um Chódú An Dlí Choiriúil

Foireann Thras-Rannach um Bonneagar

Grúpa Tras-Rannach um Méadú an AE agus Saorghluaisteacht

Sainghrúpa Measúnaithe Chomhairle an AE - measúnú ag lucht comhchéime ar an Eastóin maidir le chur i bhfeidhm praiticiúil an bharántas gabhála Eorpach

Grúpa Oibre an AE um Próiseáil Sonraí Dlíthiúla

Grúpa Oibre an AE um Dhlí Conartha

Grúpa Maoirseachta an AE um an Choinbhinsiún Idir-Rialtasach

Líonra na nAthbhreithneoirí Caiteachais

An Grúpa Oibre Idir-rannach um Shaoráil Faisnéise

Líonra na nOifigeach Idirchaidrimh um Shaoráil Faisnéise

Grúpa Líonra Úsáideoirí na Saorála Faisnéise

Grúpa Oibre an Gharda Síochána um Scagadh

Grúpa Forfheidhmiúcháin an Gharda Síochána um Scagadh

Coiste Reachtaíochta an Rialtais

Líonra Bainisteoirí Leabharlann an Rialtais

Foireann Meastóireachta Greco

Comhdháil na Háige um an Dlí Príobháideach Idirnáisiúnta

Coiste Uí Ógáin um Chothroime sa Dlí Coiriúil

Fóram Bainisteoirí Teicneolaíochta Cumarsáide agus Faisnéise

Grúpa Oibre Dlí Shochaí na Faisnéise

An Grúpa Forfheidhmiúcháin um Shaincheisteanna Cúitimh

Grúpa Forfheidhmiúcháin na nArd-Rúnaithe

An Coiste Idir-rannach um Dhlíthíocht faoi Chailliúint Éisteachta

Coiste Idir-rannach um Athchóiriú Pósta

An Coiste Comhordaithe Idir-rannach um Ghnóthaí Eorpacha

Grúpa Idir-rannach um Dhlíthíocht Riachtanais Oideachais Speisialta

Grúpa Oibre Idir-rannach um Tháillí Tithe Altranais

Coiste Idir-rannach um Shaincheisteanna Núicléacha

Grúpa Idir-rannach um Dhlíthíocht Mí-Úsáid Leanbhaoise

Grúpaí Oibre Idir-rannach um Míchumas

Coiste Idir-rannach um Bonneagar

Coiste Idir-rannach um Chabhracha Stáit

Grúpa Idir-rannach um moladh an Choimisiúin i gcomhair Gníomhaireacht Rialaithe Iascaireachta Eorpach

An Grúpa Idir-rannach ar Choinbhinsiún an AE

An Grúpa Idir-rannach um Shaincheisteanna Reachtaíochta Shochaí na Faisnéise

An Grúpa Idir-rannach um Imscrúdú Oireachtais ar Reachtaíocht an AE

An Tascfhórsa Idir-rannach ar Thuarascáil an Choimisiúin um Stádas Daoine le Míchumais

An Grúpa Oibre Idir-rannach ar Shaincheisteanna Cúitimh

An Líonra Iniúchóireachta Inmheánaí

Coiste Dlí na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta

An Sainghrúpa Idirnáisiúnta um Dhliteanas Núicléach (INLEX)

An Grúpa Bainistíochta um Athbhreithnithe Breithiúnacha i gCásanna Tearmainn

An Grúpa Airí agus Rúnaithe um Chúrsaí Eorpacha

An Coiste Stiúrtha um Sciúradh Airgid (An Taobh Oifigiúil)

Grúpa Comhairleach "Gan Locht"

Tuaisceart Éireann (grúpaí éagsúla a phléann le gnóthaí Thuaisceart Éireann)

Coiste Dlí Núicléach (Gníomhaireacht Fuinnimh Núicléigh, brainse den OECD)

Líonra na nOifigeach Pearsanra

Líonra PMDS

Coiste an Dlí Phoiblí - an Cumann Barra Idirnáisiúnta

Grúpa na Rúnaithe Ginearálta agus na gCeann Oifige

An Grúpa Comhairleach Forfheidhmithe um Údarás Rialaitheach Aonair

Coiste Idirchaidrimh na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát

Coiste Stiúrtha an Tionscadail Phíolótaigh chun nós imeachta um éilimh bheaga ar líne a bhunú

Grúpa Stiúrtha um Athbhreithniú na gCóras sa Roinn Talmhaíochta agus Bia

Fo-ghrúpa Cumarsáide an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach

Grúpaí Forfheidhmithe an Tionscnaimh um Bainistíocht Straitéiseach

An Grúpa um Straitéis Cánach

UNCITRAL (Coimisiún na Náisiún Aontaithe um an Dlí Idirnáisiúnta Trádála)

Grúpa Oibre UNCITRAL um Eadráin

Grúpa Oibre UNCITRAL um Shaincheisteanna Slándála

Grúpa Oibre UNICITRAL um Ríomhthráchtáil

Grúpa Oibre UNICITRAL um Dhlí Dócmhainneachta

An Institiúid Idirnáisiúnta um Aontú an Dlí Phríobháidigh (UNIDROIT)

An Grúpa Oibre um Chomhlíonadh agus Forfheidhmiú Dhlí na gCuideachtaí

Grúpa Oibre um Ionstraimí Reachtúla Leictreonacha

An Grúpa Oibre chun Seirbhísí Cróinéara a Athbhreithniú

Grúpa Oibre ar Chostais Dlí

Aguisín 5

Cuid 1

Oifig an Ard-Aighne, Sráid Mhuirfean
Is éard atá san Oifig ná Rannóg na Abhcóidí Comhairleacha, Oifig an Dréachtóir Parlaiminte agus an Rannán Riaracháin

Abhcóide Comhairleach

Tá **Grúpa A** freagrach as na réimsí seo a leanas: an dlí coiriúil, an Garda Síochána, príosúin, feidhmeanna an Ard-Aighne i leith an dlí coiriúil, sócmhainní coiriúla, trascradh teachtaireachtaí teileachumarsáide agus paicéid sa phost, comhoibriú idirnáisiúnta maidir le cúrsaí coiriúlachta, bearta an AE um cheartas coiriúil - Teideal VI, Achtanna um Thrácht Bóithre, cheadúnú deochanna meisciúla, cabhair dlí, dlí toghcháin, an tOireachtas, Airí agus Rúnaithe, pá, liúntais agus pinsin Airí agus cúrsaí eitice.

Tá Bainisteoir Grúpa agus 6 Abhcóide Comhairleach sa ghrúpa seo. [1]

Tá Grúpa B freagrach as na réimsí a bhaineann le dlí príobháideach idirnáisiúnta, trádáil ócáideach agus fhánach, staitisticí, Ionstraimí Reachtúla, díobháil phearsanta, tobac, sláinte, fuil, mí-úsáid leanbhaoise, uchtú, ginmhilleadh, atáirgeadh daonna cuidithe, oideachas, dlí teaghlaigh, cabhair dlí sibhialta, cinsireacht, dlíodóirí/aturnaetha, an tAcht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974, sláinte agus sábháilteacht, dlí chomhshaoil, talmhaíocht agus muirchultúr, cúrsaí urthrá, agus Achtanna núicléacha agus pleanála.

Tá Bainisteoir Grúpa agus 5 Abhcóide Comhairleach sa Ghrúpa seo.

Tá Grúpa C freagrach as cúrsaí tearmann agus inimirce, iascaigh.
Dlí na Farraige, dlí loingseoireachta, calafoirt, Seirbhís Gardachósta na hÉireann, Coimisinéirí Soilse na hÉireann, Saincheisteanna cothrománacha Thuaidh/Theas/Angla-Éireannacha, cúrsaí eadrána, LRC, ceadúnú, cosaint, turasóireacht, muiríní agus cosaint tomhaltóirí.

[1] Léiríonn an fhaisnéis faoi na Grúpaí, na Rannáin agus na Rannóga atá fúthu, na haonaid ghnó go léir, na réimsí oibre agus na foirne oibre atá acu atá le fáil in Aguisín 5 an chaoi a raibh siad ag dáta foilsithe an Ráiteas Straitéise. B'fhéidir go ndéanfar athrú orthu le linn don Ráiteas Straitéise a bheith i bhfeidhm.

Tá Bainisteoir Grúpa agus 3 Abhcóide Comhairleach eile sa ghrúpa seo.

Tá **Grúpa D** freagrach as réimsí dlí idirnáisiúnta trádála, teilechumarsáid, bonneagar Náisiúnta/an Plean Forbartha Náisiúnta/comhpháirtíochtaí poiblí/príobháideacha, dlí ioncaim, leithreas agus caiteachas poiblí, seirbhísí airgeadaíochta, árachas, dlí cuideachtaí, féimheacht/dócmhainneacht/leachtú, cumaisc agus monaplachtaí, an Gaeltacht, méadreolaíocht, mianadóireacht agus cairéalú, artola, ríomhthráchtáil, comhlachtaí leathstáit, údaráis eile Stáit, an tAcht Maoine Stáit, maoin, gníomhaíochtaí insteora, probháid, comharbas, carthanacht agus eastáit eiséataithe, clárú talún, tiarna talún agus tionónta, ceartas sibhialta, cróinéirí, an Ghaeilge, cúrsaí cultúrtha, cabhair agus fóirdheontais an Stáit agus an dlí iomaíochta.

Tá Bainisteoir Grúpa agus 6 Abhcóide Comhairleach eile sa ghrúpa seo.

Tá **Grúpa E** freagrach as na réimsí a bhaineann le Maoin Intleachtúil, Dlí Idirnáisiúnta Poiblí, an tAcht um Rúin Oifigiúla, an tAcht um Chosaint Sonraí, Saoráil Faisnéise, aeriompar, soláthar agus conarthaí Rialtais, dlí leasa sóisialaigh, seirbhís phoiblí, dlí saothair, leictreachas, gás, dlí poist, tarlú bóithre agus iompar ar bhusanna agus traenacha.

Tá Bainisteoir Grúpa agus 7 nAbhcóide Comhairleach eile sa ghrúpa seo.

An Leas-Ard-Stiúrthóir freagrach as réimsí dlí clúmhillte/príobháideachais, na hAchtanna um Binsí Fiosrúcháin (Fianaise), Binse Fiosrúcháin Morris, costais, saincheisteanna Institiúideacha an AE, córas dlí an AE, saincheisteanna cothrománacha agus obair a bhaineann leis an mBruiséil amháin.

Oibríonn an attaché dlí leis an mBuan-Ionadaíocht chuig an Aontas Eorpach sa Bhruiséil mar chuid den ghrúpa seo.

An Dréachtóir Parlaiminte

Tá **Grúpa 1** freagrach as reachtaíocht a dhréachtú i gcomhair na Ranna agus Oifigí seo a leanas -

- Talmhaíocht, Iascach agus Bia

- Airgeadas (lena n-áirítear na Coimisinéirí Ioncaim)
- Cumarsáid, Fuinneamh agus acmhainní nádúrtha
- Iompar
- An Taoiseach

Tá Bhainisteoir Grúpa ar leibhéal Ard-Rúnaí, cúigear Dréachtóir Parlaiminte eile agus dréachtóir conarthaí amháin sa ghrúpa seo.

Tá **Grúpa 2** freagrach as reachtaíocht a dhréachtú i gcomhair na Ranna seo a leanas -

- Cosaint
- Oideachas agus Eolaíocht
- Fiontar, Trádáil agus Fostaíocht
- Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil
- Gnóthaí Sóisialta agus Teaghlaigh

Tá Bhainisteoir Grúpa ar leibhéal Rúnaí Cúnta, ceathrar Dréachtóir Parlaiminte eile agus beirt dréachtóirí conartha sa ghrúpa seo.

Tá **Grúpa 3** freagrach as reachtaíocht a dhréachtú i gcomhair na Ranna seo a leanas-

- Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
- Gnóthaí Eachtracha.
- Sláinte agus Leanaí
- Dlí agus Ceart, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí
- Ealaíona, Spórt agus Turasóireacht

Tá Bainisteoir an Ghrúpa ar leibhéal Leas-Ard-Rúnaí, cúigear Dréachtóirí Parlaiminte eile agus dréachtóir conartha amháin sa ghrúpa seo.

Aonaid Riaracháin

Tá Ceann Riaracháin ar leibhéal grád Phríomhoifigigh i gceannas ar an Rannán seo. Tá na hAonaid Ghnó seo a leanas ann:-

An tAonad Acmhainní Daonna a bhfuil Príomhoifigeach i gceannas air agus seachtar ar an bhfoireann. Ní amháin go bhfuil an tAonad freagrach as pearsanra agus cúrsaí forbartha agus

oiliúna san Oifig ach déanann sé maoirsiú ar cur i bhfeidhm straitéis acmhainní daonna na hOifige. Déantar plé ar aon bheartas nó nós imeachta nua a eascraíonn ón straitéis ag cruinnithe de chuid an Choiste Comhpháirtíochta.

Tá naonúr foirne san Aonad Teicneolaíochta Faisnéise agus Príomh-Oifigeach Cúnta i gceannas air. Is iad na príomhfheidhmeanna atá ag an Aonad TF ná córais agus bonneagar TF a fhorbairt, nuair is cuí sin, cabhrú leis an Oifig a spriocanna gnó a bhaint amach, cothabháil agus bainistiú a dhéanamh orthu agus tuilleadh forbartha a dhéanamh le himeacht aimsire ar na córais agus ar an mbonneagar sin de réir mar a thagann athruithe ar na riachtanais le himeacht aimsire.

Deichniúr atá ar fhoireann an Aonaid Leabharlainne agus Fios Gnó agus tá Bainisteoir Faisnéise Dlí i gceannas air. Cabhraíonn an tAonad seo le seirbhísí dlí a sholáthar don Stát trí sheirbhísí gairmiúla leabharlainne, taighde agus acmhainní fios gnó a sholáthar agus a fhorbairt. Is é cuspóir na hOifige seo ná seirbhís den scoth a chur ar fháil agus freagra éifeachtach a thabhairt ar riachtanais taighde a bhíonn ag Oifig dlí de chuid rialtais an lae inniu - riachtanais a bhíonn ag athrú i gcónaí.

Déanann an tAonad seo aire de riachtanais faisnéise thart faoi 143 ball foirne agus cuirtear seirbhísí ar fáil d'Abhcóidí Comhairleacha atá tugtha ar iasacht chuig Ranna agus Oifigí Rialtais. Ní amháin go soláthraíonn an tAonad rochtain ar bhailiúchán mór dlí i bhformáid chruachóipe agus leictreonach araon ach cuireann sé bunachar fios gnó dlí - seirbhísí faisnéise/taighde dlí ar fáil freisin don fhoireann mar aon le hoiliúint faoi sheirbhísí faisnéise agus seirbhísí faisnéise feasachta.

Tá ochtar foirne san Aonad Airgeadais agus Príomh-Oifigeach Cúnta i gceannas air. Tugann cuntasóir gairmiúil saineolas airgeadais ar fáil dóibh. Tá an tAonad freagrach as gach íocaíocht, ach amháin íocaíochtaí párolla, a íoc mar chuid de Chóras Bainistíochta Airgead na hOifige, taifid airgeadais a chothabháil, agus tuairisceáin na Meastacháin agus an Cuntas Leithreasa bliantúil a ullmhú. Bíonn an tAonad i dteagmháil leis an Oifigeach Táillí in Oifig an Ard-Aighne le cinntiú go n-íoctar go rialta táillí na n-abhcóidí agus na ndlíodóirí sin a fhostaítear le gníomhú ar threoir an

Ard-Aighne. Cabhraíonn an tAonad leis an gCuntasóir Gairmiúil atá ina B(h)ainisteoir Tionscadail ar Chreatlach na Faisnéise Bainistíochta maidir le cur i bhfeidhm leanúnach an tionscadail sna hOifigí.

Bíonn Iniúchóir Inmheánach ag obair don Aonad Iniúchta Inmheánaí agus d'Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit freisin. Déanann Coiste Iniúchta a thagann le chéile go rialta maoirsiú ar obair an Iniúchóra Inmheánaigh.

Aon duine dhéag atá ar fhoireann na Clárlainne. Bíonn siad ag plé le gach post a thagann chun na hOifige, lena n-áirítear comhfhreagras leictreonach, agus déanann siad cothabháil ar na comhaid go léir san Oifig. Bíonn ról lárnach ag an Aonad seo maidir le chur i bhfeidhm Córas nua Bainistíochta Cásanna agus Taifead na nOifigí agus scrúdaíonn sé ábhair le féachaint ar chóir iad a aistriú chuig Oifig na gCartlanna Náisiúnta.

Ceathrar foirne atá san Aonad Seirbhísí Corparáideacha agus láimhseálann siad na réimsí go léir a bhaineann le cothabháil chóiríocht Oifige, soláthairtí oifige a chur ar fáil, socruithe slándála cuí a chinntiú, cumarsáid teileafóin, ócáidí a eagrú, comhordú a dhéanamh ar iarratais faoi shaoráil faisnéise chomh maith le Clár Sócmhainne na hOifige a chothabháil.

Tá trí Oifig Phríobháideach i Sráid Mhuirfean. _Tá Rúnaí Príobháideach, Comhairleoir Speisialta, Cúntóir Speisialta, Rúnaí Pearsanta agus Cléireach Tacaíochta in oifig phríobháideach an Ard-Aighne. Ta Rúnaí Príobháideach agus de bheirt Chléireach Thacaíochta ag an Ard-Stiúrthóir. Cuireann siad seo seirbhísí rúnaíochta ar fáil don An Leas-Ard-stiúrthóir agus don Cheann Riaracháin freisin. Tá Rúnaí Príobháideach ag an bPríomh-Dhréachtóir Parlaiminte.

Phríomh-Oifigeach Cúnta atá i gceannas ar an Aonad um Bainistíocht Athraithe agus triúr foirne ag obair ann. Tá an tAonad freagrach as cur i bhfeidhm an Chláir Athraithe a thagann ó thionscnaimh ar nós an Tionscnamh um Bainistíocht Straitéiseach (SMI)/Ag Seachadadh Rialtas níos Fearr, An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí 1997 (PSMA), Seirbhís d'Ardchaighdeán do Chustaiméirí (QCS), Tionscnamh Athbhreithnithe Beartas ó thaobh Luach ar Airgead (VFM/R), an Ghaeilge lena n-áirítear oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 (OLA), an Comhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta *I dTreo 2016* srl. taobh istigh de na hOifigí (AGO agus CSSO). I measc na dtionscadal ar leith tá comhordú a dhéanamh ar ullmhú Tuarascálacha Bliantúla na hOifige, Ráitis Straitéise agus Scéim na

dTeangacha Oifigiúla mar aon le hullmhú Cairteacha Cliaint agus Custaiméara agus Treoracha Seirbhísí Cliaint Oifig an Ard-Aighne (AGO). Tá an Oifig suite in Oifigí Shráid Mhuirfean agus breathnaíonn sé i ndiaidh seirbhísí Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit.

Cuid 2

Oifig Phríomh-Aturnae an Stáit
Tá Rannán Riaracháin agus Rannáin dlí san oifig seo
agus gach Rannán dlí acu roinnte ina Rannóga.

Tá an dá Rannóg seo a leanas i **Rannán an Dlí Phoiblí:**

Tá an Rannóg Tráchtála agus Bunreachta freagrach as an Stát agus Údaráis an Stáit a chosaint ó réimse leathan caingean shibhialta a thionscnaítear ina n-aghaidh. Téann a lán de na cásanna sin ar aghaidh go héisteacht iomlánach. Bítear ag plé le raon leathan saincheisteanna mar dhlí tráchtála, bunreachta, conartha, fostaíochta, árachais, idirnáisiúnta, comhshaoil, pleanála, toghcháin, sláinte poiblí, maoine intleachtúla, tithíochta, leasa shóisialaigh, riaracháin agus dlí an Aontais Eorpaigh.

Déanann Rannóg na nAthbhreithnithe Breithiúnacha ionadaíocht ar an Stát agus ar Údaráis Stáit in iarratais ar athbhreithnithe breithiúnacha. Bíonn an Rannóg seo freagrach as déileáil le hiarratais ar habeas corpus, cásanna luaite, cásanna uchtála, litreacha iarratais ó bhinsí eachtracha agus as doiciméid a sheirbheáil faoi Rialachán Comhairle AE Uimh. 1348/2000 agus Coinbhinsiún na Háige, 1965, maidir le seirbheáil cáipéisí breithiúnacha agus seachbhreithiúnacha thar lear i gcúrsaí sibhialta agus tráchtála.

Ta an dá Rannóg seo a leanas sa **Rannán Tearmainn agus Seirbhísí Dlí**:

Láimhseálann An Rannóg Tearmainn gach cás tearmann, inimirce agus aisdúichithe thar ceann an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, Oifig Choimisinéir na nIarratas mar Dhídeanaithe, An Binse Achomhairc Dhídeanaithe agus Biúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Inimirce. Is obair dhlíthíoch den chuid is mó a bhíonn i gceist i gcás na n-iarratas ar athbhreithnithe breithiúnacha (maidir le cead a fháil agus éisteachtaí ábhartha araon) chomh maith le hiarratais habeas corpus a bhaineann le cúrsaí Tearmainn. Gníomhaíonn an Rannóg thar cheann Ghobharnóir an Phríosúin sna cásanna seo agus is gá freastal go laethúil os comhair na hArd-Chúirte agus os comhair na Cúirte Uachtaraí uaireanta. Láimhseálann an Rannóg iarratais ón gCúirt Dúiche freisin de bhun Acht na nDídeanaithe 1996 arna leasú.

Tá an Rannóg Seirbhísí Dlí freagrach as cuntasaíocht costas dlí (lena n-áirítear billí costais a mheas agus freastal ar chánachas na mbillí sin) agus as costais dlí atá dlite ar an Stát a aisghabháil. Tá sé freagrach freisin as táillí abhcóidí a íoc agus gníomhaíonn sé thar cheann an Choimisinéir Luachála in achomhairc a thagann os comhair an Bhinse Luachála. Láimhseálann an Rannóg Iarratais ar Chúnamh Frithpháirteach freisin in ábhair choiriúla sa Chúirt Dúiche agus bíonn baint aici le hionchúisimh Aireachta a ullmhú. Bíonn Ceannaire na Rannóige ina chathaoirleach ar Choiste a dhéanann maoirsiú ar scéim oiliúna dlí le haghaidh na foirne cléirí san Oifig.

Tá na trí rannóg seo a leanas i **Rannán Maoine an Stáit**:

Is tíolacadh tráchtála is mó a bhíonn ar bun ag an Rannán na nOibreacha Poiblí/Sláinte agus Leanaí agus áirítear leis cóiríocht a fháil ar léas tráchtála do Ranna agus d'Oifigí Rialtais agus áitribh a fháil agus fáil réidh leo faoi Chláir éagsúla Rialtais mar an Clár Díláraithe agus an Clár Aistrithe Sócmhainní Stáit. Déantar roinnt bheag oibre thar cheann na Roinne Sláinte agus Leanaí freisin.

Bíonn an Rannóg Cosanta, Mara agus Clár Caipitil Spóirt ag déileáil le ceisteanna idirbheartaíochta agus comhairleacha i gcúrsaí maoine do na Ranna Rialtais seo a leanas - An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta; An Roinn Talmhaíochta agus Bia; Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; Iompair; Cosanta; Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha; agus don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Áirítear san obair seo léasanna agus ceadúnais chladaigh, áitribh nach dteastaíonn le haghaidh cúrsaí míleata a

thuilleadh a dhíol nó a ligean ar léas, agus cur i bhfeidhm na creatlaí dlí chun maoin a chur de láimh le haghaidh an Tionscnamh Tithíochta Inacmhainne. Tá an Rannóg freagrach freisin as obair dhlíthiúil a bhaineann le fóirdheontais an Chrannchuir Náisiúnta a dheonadh.

Áirítear leis an obair a dhéantar sa Rannóg Airgeadais, Oideachais, Dlí agus Cirt agus Oidhreachta gnéithe maoine de Scéim Slánaíochta Sásaimh na nInstitiúidí Cónaitheacha, tarscaoileadh ar mhaoin cuideachtaí díscaoilte faoin Acht Maoine Stáit 1954, agus an déileáil le heastáit eiséataithe sa chás gurb é an Stát an comharba díthiomnach deireanach, ceannach shuíomh do scoileanna agus do phríosúin, léasanna tráchtála le haghaidh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, iarratais ar chúiteamh faoi Alt 120 de na hAchtanna um Chlárú Teidil 1964-2006 agus deontais chun críocha cultúrtha (ACCESS). Baineann an obair oidhreachta le séadchomharthaí náisiúnta, maoin stairiúil agus talamh portaigh a cheannach ar mhaithe lena gcaomhnú.

Tá na trí Rannóg seo a leanas i **Rannán Dlí agus Cirt agus An Dlí Coiteann**

Déileálann an Rannóg Dlí, Cirt agus Coiriúlacht le himeachtaí Eiseachadta, iarratais ar Bharántais Eorpacha Gabhála, iarratais ar daoine a aistriú faoi na hAchtanna um Aistriú Daoine ar Cuireadh Pianbhreith Orthu 1995 agus 1997 agus Iarratais ar Mhaoin atá ag Póilíní. Bíonn an fhoireann sa Rannóg seo i mbun ionchúisimh Aireachta sa chúirt freisin, déanann siad ionadaíocht ar an nGarda Síochána ag éisteacht Iarratas Cheadúnúcháin Deochanna Meisciúla agus soláthraíonn siad ionadaíocht don Stát ag coistí cróinéara. Déanann Ceann na Rannóige bainistiú ar an bpainéal foirne a bhíonn ar dualgas san Oifig ag soláthar seirbhíse de ló agus d'oíche le haghaidh cásanna Eiseachadta agus Barántais Gabhála Eorpacha, habeas corpus agus gnóthaí práinneacha eile.

Bíonn Rannóg na nDíobhálacha Pearsanta ag déileáil go príomha le héilimh shibhialta in aghaidh an Gharda Síochána. Bíonn siad ag déileáil le héilimh ar chúiteamh de bharr ionsaithe nó gabhálacha éagóracha agus príosúnacht mhídhleathach a dhéanann baill an Gharda Síochána, éilimh faoi ionchúisimh mhailíseacha, éilimh faoi bhulaíocht agus ciapadh a dhéanann na Gardaí, agus follasú tríú pháirtí a bhfuil baint ag an nGarda Síochána leis. Gníomhaíonn sé thar cheann na nÚdarás Stáit in Éilimh Chúitimh an Gharda.

Déileálann Rannóg na nÉileamh Tortach le gach dlíthíocht maidir le mí-úsáid leanaí a éiríonn as éilimh mhí-úsáide in Institiúidí Cónaitheacha agus i Scoileanna Lae. Nuair a tugadh feidhm don Ordú um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Feidhm Bainistíochta Éileamh a Tharmligean) 2005 (SI Uimh. 503 de 2005) ar an 1ú Meán Fómhair 2005 ghlac an Ghníomhaireacht um Éileamh ar an Stáit freagracht as bainistiú dlíthíocht mí-úsáide leanaí agus cuireann an Rannóg seirbhísí dlí ar fáil don Ghníomhaireacht i gcás éileamh den sórt sin. Tá foireann dlíodóirí san Aonad chun dul i ngleic le dlíthíocht faoi mí-úsáid i Scoileanna Lae agus tá aonad speisialta ann le déileáil le cásanna Mí-úsáide Cónaithe.

Láimhseálann an Rannóg éilimh freisin maidir le díobhálacha a d'fhulaing ball d'Fhórsaí Cosanta an Stáit fad is a bhí siad ar dualgas don Stát lasmuigh den Stát, cásanna bulaíochta agus ciaptha sa Státseirbhís chomh maith le hachomhairc chuig an Ard-Chúirt a rinne daoine a d'fhulaing infhabhtú heipitíteas C nó HIV nó an dá cheann, ó fhuil nó táirgí fola a tugadh dóibh.

Ta na ceithre Rannóg seo a leanas sa **Rannán Comhairleach**

Tá an Rannóg Chomhairleach Speisialta freagrach as déileáil le hobair na mBinsí Fiosruithe agus chuireann sé ionadaíocht ar fáil don Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag an mBinse Fiosrúcháin a iniúchann gearáin faoi roinnt Gardaí i Rannán Dhún na nGall ("Binse Fiosrúcháin Morris"). Déileálann an Rannóg freisin le cásanna acmhainní nádúrtha agus le hobair chomhairleach conartha agus rialála.

Tá an Rannóg Comhairleach Ginearálta seo freagrach as ceisteanna comhairleacha ginearálta, lena n-áirítear ag tionscnamh dlíthíochta Gearánaí thar ceann an Stáit, follasú tríú páirtí, imeachtaí dlí cuideachta, eadránacha, ceisteanna uchtála, iniúchadh agus forbairt mianadóireachta agus peitriliam, ionchúisimh fiadhúlra agus gnáthóige, ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Stáit i gcás saincheisteanna leasa phoiblí a thagann os comhair na mBinsí Fiosrúcháin agus ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha ag an mBinse Fiosrúcháin faoi Íocaíochtaí do na hUaisle Charles Haughey agus Michael Lowry ("Binse Fiosrúcháin Moriarty") agus ionadaíocht a dhéanamh thar cheann an Gharda Síochána ag an mBinse Fiosrúcháin atá ag déanamh iniúchta ar gearáin faoi roinnt Gardaí i Rannán Dhún na nGall ("Binse Fiosrúcháin Morris").

Déileálann Rannóg Dlíthíochta an Stáit agus na hEorpa le hobair Fostaíochta agus déanann sí ionadaíocht thar ceann Ranna agus thar Oifigí Rialtais ag éisteachtaí os comhair Coimisinéirí

Ceart, an Chúirt Oibreachais, Binsí Achomhairc Fhostaíochta agus an Stiúrthóir Imscrúdaithe Comhionannais chomh maith le comhairle a thabhairt faoi shaincheisteanna fostaíochta faoi Rialacháin na Státseirbhíse. Bíonn sé ag déileáil le dlíthíocht gearánaithe áirithe freisin agus le hIarratais Athchóirithe Cuideachtaí. Déanann an Rannóg ionadaíocht ar son na hÉireann os comhair Chúirt Cheartais na hEorpa agus Cúirt Chéadchéime na hEorpa.

Tugann Rannóg na gConarthaí Tráchtála comhairle faoi thairiscintí, soláthair agus ceisteanna conarthaí, cúrsaí pinsean, ceadúnú sonraí agus bíonn sé ag plé freisin le hidirbheartaíocht faoi chonarthaí agus lena ndréachtú. Bíonn sé ag déileáil le conarthaí móra (lena n-áirítear conarthaí TF) thar cheann Ranna agus Oifigí Rialtais.

Cuireann Rannóg na Sócmhainní Coiriúla seirbhís Aturnae ar fáil i gcúrsaí a bhaineann le feidhmeanna an Bhiúró um Shócmhainní Coiriúla.

An Rannán Riaracháin

Ceann Riaracháin atá i gceannas ar an Rannán seo agus tá na rannóga seo a leanas ann:

Tá Rannóg na gCuntas freagrach as gach íocaíocht, seachas párolla, agus líon beag íocaíochtaí a phróiseálann an Rannóg Cuntasaíocht Costais. Ta sé freagrach freisin as taifid agus cuntais bhainteacha a choinneáil agus a chinntiú go bhfuil cleachtais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh á gcur i bhfeidhm. Cuireann Rannóg Cuntas na Roinne Airgeadais seirbhís párolla ar fáil ar bhonn gníomhaireachta. Tá iniúchóir inmheánach agus cuntasóir ag obair don Oifig agus d'Oifig an Ard-Aighne araon agus cothaíonn an Oifig clár iniúchta inmheánaigh agus Coiste Iniúchta Inmheánaigh faoi chathaoirleach neamhspleách agus seachtrach.

Tá oifigeach acmhainní daonna i gceannas ar an Rannóg Acmhainní Daonna. Ní hamháin go bhfuil an Rannóg seo freagrach as na feidhmeanna traidisiúnta pearsanra ach tá sí freagrach freisin as straitéis forásach acmhainní daonna a fhorbairt san Oifig. Déanfar beartas i leith acmhainní daonna a fhorbairt ar chomhchéim le forbairtí sa státseirbhís ach cuirfear cnuasach de na cleachtais idirnáisiúnta is fearr maidir le bainistiú seirbhísí gairmiúla i bhfeidhm freisin.

Tá Bainisteoir TF i gceannas ar Aonad Teicneolaíocht na Faisnéise I measc a chuid freagrachtaí tá bainistíocht, forbairt, cothabháil agus seirbhísiú gach acmhainn TF idir

chruaearraí agus bhogearraí araon agus le haird ar leith a thabhairt ar na bunachair sonraí agus na córais chumarsáide a thacaíonn le feidhmeanna seirbhíse dlí na hOifige. Tá ról lárnach ag an Aonad i gcur i bhfeidhm straitéis TF na hOifige.

Is é ról an Aonaid Leabharlainn & Fios Gnó rochtain a sholáthar don fhoireann ar an eolas agus ar an bhfaisnéis is gá chun seirbhísí dlí d'ardchaighdeán a sholáthar. Leabharlannaí Dlí a bhainistíonn an tAonad, agus is é/í atá freagrach as forbairt straitéiseach na leabharlainne gairmiúla, taighde, acmhainní fios gnó, agus seirbhísí. Tá Leabharlannaí Cúnta agus Cúntóir Leabharlainne agus Oifigeach Fios Gnó ar fhoireann na Leabharlainne. Chomh maith le bheith ag bainistiú na mbailiúchán dlí idir chruachóipe agus leictreonach agus seirbhísí traidisiúnta leabharlainne dlí a sholáthar, láimhseálann an tAonad go leor ceisteanna taighde dlí, cuireann sé seirbhísí feasachta reatha ar fáil mar aon le cláir oiliúna scileanna faisnéise agus tacaíonn sé le tionscnaimh oideachais na hOifige. Tá an tAonad tiomanta do chumas bainistithe eolais a fhorbairt san Oifig agus tá sé chun tosaigh maidir le chur i bhfeidhm thionscnamh agus straitéisí comhroinnte eolais a bhaineann leis. Bíonn foireann an Aonaid páirteach i gcoistí na nOifigí agus sa chaoi seo bíonn príomhról acu i dtionscadail bainistithe eolais in AGO/CSSO. Ní ghlacann an tAonad le fiosruithe ón bpobal.

Tá dhá fhochuid san Aonad Seirbhísí Oifige (OSU), An tIonad Cáipéisíochta agus An tAonad Seirbhísí. Is é gnó an Ionaid Cáipéisíochta ná gach seirbhís cóipeála agus ceangail ar scála mór a chur ar fáil don Oifig agus táthar ag súil go bhfeidhmeoidh an tIonad ar chaighdeáin comhaontaithe ardcháilíochta. Tá Aonad na Seirbhísí freagrach as a chinntiú go gcuirtear gach seirbhís eile ar fáil d'fhoireann na hOifige go héifeachtach agus in am.

Bunaíodh an tAonad Cláir agus Taifead mar chuid den chóras nua bainistithe cás agus taifead a bhí á chur i bhfeidhm. Is í an fheidhm atá ag an Aonad seo ná taifid na hOifige a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil a thagann leis an gcleachtas is fearr sa réimse seo. Beidh sé freagrach freisin as a chinntiú go gcloítear leis an Acht um Chartlann Náisiúnta 1986. Déanfaidh an Rannán bainistiú lena chois sin ar theachtaireachtaí facs agus ríomhphoist a bheidh ag teacht isteach nó ag dul amach.